



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2012|2013



COLÁISTE NA TRÍONÓIDE
BAILE ÁTHA CLIATH
TRINITY COLLEGE DUBLIN

OLLSCOIL
ÁTHA
CLIATH



Comhaltaí an Bhoird

Ba iad seo a leanas comhaltaí Bhord Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath i rith na bliana acadúla 2012/13

Comhaltaí Ex-Officio

An Propast, an Dr Patrick Prendergast (Cathaoirleach)
An Leas-Phropast/Príomhoifigeach Acadúil, an tOllamh Linda Hogan
Léachtóir Sinsearach, an tOllamh Dr Patrick Geoghegan
Cláraitheoir, an tOllamh Shane Allwright
Sparánaí/Stiúrthóir na Nuálaíochta Straitéisí, an tOllamh Gerard Lacey¹

Comhaltaí agus Comhollaimh Thofa

An tOllamh Sean Barrett (2010-2014)
An tOllamh Eileen Drew (2012-2016)
An tOllamh Robert Gilligan (2010-2014)
An tOllamh Nicola Marples (2010-2014)
An tOllamh John McGilp (2012-2016)
An tOllamh Cliona O'Farrelly (2012-2016)
An tOllamh Micheál Ó Siochrú (2012-2016)
An tOllamh Henry Rice (2010-2014)

Foireann Acadúil Thofa nach Comhaltaí iad

An Dr Mélanie Bouroche (2010-2014)
An tOllamh William Dowling (2012-2016)
An tUasal Dermot Frost (2012-2016)
An tOllamh Hugh Gibbons (2010-2014)
An tOllamh Des O'Neill (2012-2016)

Foireann Thofa Neamhadúil

An tUasal Fred Cowzer (2012-2016)
An tUasal Gerard Garrahan ² (2013-2016)
Noreen Murray Uasal (2010-2014)

Ionadaithe na Mac Léinn

Uachtarán Aontas na nIarchéimithe, an tUasal Martin McAndrew (2012- 2013)
Uachtarán Aontas na Mac Léinn, An tUasal Rory Dunne (2012-2013)
Oifigeach Oideachais Aontas na Mac Léinn, an tUasal Daniel Ferrick (2012 – 2013)
Oifigeach Leasa Aontas na Mac Léinn, Aisling Ní Chonaire Uasal (2012 – 2013)

Comhaltaí seachtracha

An Dr Olive Carmel Braiden, ainmnithe ag an gComhairle Ealaíon (2010-2014)
An tUasal Jackie Gallagher, ainmnithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna (2010-2015)

I Láthair Ex-Officio

Rúnaí, an tUasal Mr John Coman
Cisteoir, an tUasal Ian Mathews

Bíonn an Príomhoifigeach Oibriúcháin i láthair ag cruinnithe Boird
Bíonn an Leas-Phropast do Chaidreamh Domhanda i láthair ag cruinnithe Boird

¹ in áit an Ollaimh David Lloyd a d'éirigh as bheith ina Sparánaí an 31 Deireadh Fómhair 2012
² in áit Jackie Byrne Uasal (2012-2016) a d'éirigh as an 25 Feabhra 2013

Tá taifead ar fhreastal ar chruinnithe Boird agus ar chostais Bhoird in Aguisín I agus II faoi seach

Tá an doiciméad seo le fáil i bhformáid inrochtana ach é a iarraidh (rphost: communications@tcd.ie)

CLÁR NA nÁBHAR

▶ Réamhrá ón bPropast		1
▶ Forbairtí Acadúla		3
Rangú Ollscoileanna Domhanda		3
Cáilíocht		3
▶ Oideachas		4
Na Mic Léinn		4
Staitisticí Iontrála		4
Athchóiriú ar Iontráil		5
Scoláireachtaí		5
An Curaclam – Cúrsaí Nua		6
Bronnadh na gCéimeanna, Céad Onóracha agus Boinn Óir		6
Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide		7
Gradaim Theagaisc an Phropaist		7
▶ Eispéireas na Mac Léinn		8
Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn		8
Gnóthachtálacha na Mac Léinn		8
▶ Gníomhaíochtaí Taighde		10
Téamaí Taighde		10
Maoiniú Taighde		10
Tionscnaimh Nua Thaighde		10
Rathúlacht Scoláireachta agus Ghradaim		12
▶ Nuálaíocht agus Tráchtálú		14
Maoiniú Taighde		14
Maoin Intleachtúil		14
Fiontraíocht agus Nuálaíocht		14
▶ Acmhainní Daonna		15
Foireann an Choláiste		15
Ceapacháin Ollamh		15
Ceapacháin Riaracháin Sinsearach		15
▶ Tionscnaimh Nua sa Choláiste agus Príomhimeachtaí		16
▶ Clár Forbartha Caipitil		18
Tionscadail Curtha i gCrích		18
Tionscadail Tógála		19
Caomhnú Fuinnimh		20
▶ Tiomsú Airgid		21
▶ Staid Airgeadais		22
▶ Aguisín I	Freastal chomhaltaí boird ar chruinnithe boird 2012/13	24
▶ Aguisín II	Costais chomhaltaí an bhoird 2012/13	24
▶ Aguisín III	An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2013	25
▶ Aguisín IV	An Clár Comhardaithe don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair	26

Réamhrá leis an bPropast



Leagann an Tuarascáil Bhliantúil seo amach an seasamh atá ag an gColáiste agus leagtar béim ar an méid atá bainte amach againn le linn na bliana acadúla 2012/13, bliain eile a bhí thar a bheith rathúil agus táirgiúil don Choláiste. Áirítear na nithe seo a leanas i measc na bpríomhrudaí a baineadh amach:

Mic Léinn

Leanann Coláiste na Tríonóide air ag mealladh mac léinn le hardchumas intleachta as áiteanna in Éirinn agus thar lear. Sa bhliain 2012, tháinig ardú 11% ar an líon iarratas chéad rogha a fuair Coláiste na Tríonóide trí chóras an CAO.

Is ionann rochtain ar oideachas Choláiste na Tríonóide do gach mac léinn cumasach agus gné thábhachtach den tacaíocht a thugaimid i leith thodhchaí na hÉireann. Bíonn deis ag daoine a thagann as grúpaí foghlama neamhthraidisiúnta, amhail daoine faoi mhíchumais, daoine atá ag staidéanna difriúla ina saol agus daoine a thagann as earnálacha atá faoi mhíbhuntáiste, tairbhe a

bhaint as oideachas Choláiste na Tríonóide trí chláir cheannródaíochta, amhail Cláir Rochtana na Tríonóide (TAP), mar shampla. Sa bhliain 2012, ba mhic léinn neamhthraidisiúnta a líon 22% d'áiteanna iomlána an CAO.

Mar iarracht chun athchóiriú náisiúnta ar a chur chun cinn i ndáil le fochéimithe a ghlacadh isteach, d'fhorbair Coláiste na Tríonóide staidéar féidearthachta, thar ceann na hearnála tríú leibhéal ar fad, chun a fháil amach an bhfuil bealach níos fearr ann chun mic léinn a ghlacadh isteach sa tríú leibhéal. Is ionann an staidéar féidearthachta agus iarracht chun a chinneadh, ar scála rialaithe go hiomlán, an mbeadh sé indéanta grúpa ilchineálach mac léinn a shainaithint agus a ghlacadh isteach, is é sin, grúpa atá díograiseach agus díocasach i leith an léinn, agus iad dúthrachtach agus oiriúnach i leith na gcúrsaí a roghnaítear, agus cumas agus ionchas acadúil acu inspioráid a fháil ón gColáiste. Beidh an bealach nua chun glacadh le mic léinn nua á oibriú i gcomhpháirtíocht leis an CAO agus úsáidfear é chun mic léinn a ghlacadh isteach i dtí chúlra de chuid Choláiste na Tríonóide sna tréimhsí 2014/15 agus 2015/16. Cuireadh tús le seacht gcúrsa iarchéime nua agus bronnadh céimeanna ar 4,427 mac léinn le linn na bliana acadúla. Lean mic léinn orthu ag baint sult as 'Eispéireas na Tríonóide', a théann céim níos faide ná cúrsaí curaclaim amháin, a chuireann rogha leathan clubanna agus cumann ar fáil a ullmhaíonn mic léinn le haghaidh saoil ceannaireachta agus rannpháirtíochta poiblí.

Taighde & Nuálaíocht

D'éirigh thar barr le baill foirne Choláiste na Tríonóide i dtaca le gnóthachtálacha taighde de agus bronnadh gradaim náisiúnta agus idirnáisiúnta orthu. Le linn na bliana, faomhadh cúig sheach-chuideachta nua chun maoin intleachtúil a forbraíodh i gColáiste na Tríonóide a thráchtáil, comhdaíodh 17 n-iarratas paitinne agus eisíodh deich gceadúnas tráchtála. Ba é a bhí i luach na ndámhachtainí taighde nua a bronnadh sa tréimhse 2012/13 ná suim €126 milliún, sin méadú c. 88% i gcomparáid leis an tsuim sa bhliain roimhe seo, agus bhí fás mór ann, i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo sna dámhachtainí ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (€82.4 milliún) agus ón AE (€21.4 milliún), go háirithe.



Réamhrá leis an bPropast

Foireann

Ní féidir rath ollscoile, agus cur i gcrích a cuspóirí straitéiseacha, a bhaint amach gan a príomhacmhainn – is é sin, a foireann. Chun stádas an Choláiste a choinneáil agus a fheabhsú, ní mór do Choláiste na Tríonóide daoine ardchaighdeán a earcú, a fhorbairt agus a choinneáil. Tionscnaíodh aon cheann déag de phróisis earcaíochta agus roghnúcháin idirnáisiúnta i gcomhair post mar Ollúna sa Choláiste agus is méadú beag an figiúr sin i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo. De bhreis air sin, bhí méadú suntasach ann maidir leis an líon feachtas i gcomhair post Sinsearach Riaracháin agus eagraíodh 13 chomórtas earcaíochta.

Forbairt Chaipitiúil

Tá ag éirí go maith i gcónaí leis an gclár forbartha caipitiúla ar an gcampas. I measc na dtionscadal a cuireadh i gcrích áirítear Saoráid Taighde Chliniciúil Wellcome Trust-HRB, ar oscail an Taoiseach go hoifigiúil í, tionscadal glanta agus athchóirithe Fhoirgneamh an Mhúsaeim, agus áitribh nua don Chlárlann Acadúil, do Scoil na hÉacúiméinice agus Institiúid Loyola, agus don Lárionad Glas Sonraí.

Staid Airgeadais

Cé go leanann an Coláiste de bheith an-díograiseach agus réamhghníomhach maidir le bainistiú cúrsaí airgeadais, beidh cuid mhór dúshlán airgeadais le sárú aige amach anseo de bharr an bhrú ar chúrsaí airgeadais phoiblí. Ina measc siúd, áirítear leibhéil íslitheacha maoiniúcháin; srianta maidir le caiteachas pá agus caiteachas neamhphá; gan aon chreat a bheith ann le haghaidh cúlchiste; cumas teoranta maidir le hathnuachan chaipitiúil a dhéanamh, agus ardán teoranta maidir le planáil straitéiseach airgeadais. Ní mór leanúint de straitéis airgeadais Choláiste na Tríonóide a oibriú, ar bhonn athfhillteach, de réir na n-acmhainní buiséadaithe; ní mór giniúint ioncaim neamh-Státchiste agus ioncaim Státchiste a chur chun cinn; ní mór tús áite a thabhairt do thionscnaimh a bhaineann le bainistiú costas, le fáil earraí agus seirbhísí, agus le héifeachtúlacht; ní mór infheistíocht a dhéanamh sa todhchaí, más cuí sin, agus ní mór measúnú comhleanúnach a dhéanamh ar rioscaí.

Tá sé thar a bheith tábhachtach go leanfar dár gcuid acmhainní a riaradh go cuí trí leithroinnt teann acmhainní buiséadacha agus timpeallacht theann rialaithe a choimeád ar bun mar go mbeidh sé sin riachtanach i dtaca lenár rath agus lenár sláinte airgeadais san fhadtéarma. Ní mór don Choláiste foinsí inbhuanaithe maoiniúcháin a ghiniúint agus creat luach saothair atá oiriúnach dá chuspóir a aimsiú, mar aon le solúbthacht oibríochta a bhaint amach atá ar aon dul lena bhfuil ann i gcás ár gcuid piaraí idirnáisiúnta, ionas gur féidir leis an gColáiste leanúint d'iomáiocht a dhéanamh sa réimse idirnáisiúnta sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

Stádas Idirnáisiúnta

Bhí Coláiste na Tríonóide rangaithe sa 67ú háit ar domhan agus sa 21ú háit san Eoraip sna Rangú IlSCOILEANNA QS 2012/13, agus bhí sé i measc an 50 ollscoil is fearr i gcás ceithre ábhar agus i measc an 100 ollscoil is fearr i gcás 11 réimse eile.

Conclúid

Is mian liom buíochas a ghabháil le foireann an Choláiste ar fad, is é sin, na foirne acadúla, riaracháin agus tacaíochta, de bharr an pháirt a ghlac siad sa mhéid a bhaineamar amach le linn na bliana 2012/13 – níorbh fhéidir an méid sin a dhéanamh gan a dtiomantas ar feadh na bliana.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Taoiseach, leis an Aire Oideachais agus Scileanna, leis an Aire Sláinte, leis an Aire Post, Fiontar & Nuálaíochta agus leis na hAire Rialtais go léir a bhfuilimid fórbhuíoch dá dtacaíocht. Tá an Coláiste go mór faoi chomaoin ag Bord agus Feidhmeannas Fhondúireacht Choláiste na Tríonóide, ag an Údarás um Ard-Oideachas, ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, ag an mBord Taighde Sláinte, ag Comhairle Taighde na hÉireann agus ag go leor gníomhaireachtaí agus daoine aonair eile, idir phoiblí agus phríobháideach, a bhfuil tacaíocht tugtha acu don Choláiste.

Patrick Prendergast
Propast.



GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE

1. Forbairtí Acadúla

1.1 Rangú Ollscoileanna Domhanda

Rangaítear Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath mar phríomh-ollscoil na hÉireann i Rangú Ollscoileanna Domhanda QS, Rangú Ollscoileanna Domhanda *Times Higher Education* agus i Rangú Acadúil Ollscoileanna Domhanda, Shanghai.

I Rangú Ollscoileanna Domhanda QS 2012/2013 rangáítear Coláiste na Tríonóide sa 67ú háit i measc ollscoileanna an domhain agus sa 21ú háit i measc ollscoileanna na hEorpa feadh gach táscaire, agus tá sé rangaithe i measc an phríomh 50 ollscoil i gceithre ábhar agus tá sé rangaithe i measc an phríomh 100 ollscoil in 11 réimse eile. Áirithe i measc 50 príomhábhar an Choláiste tá Béarla, Teanga agus Litríocht sa 28ú háit ar fud an domhain; Polaitíocht agus Léann Idirnáisiúnta sa 31ú háit; Stair sa 33ú háit; agus Nuatheangacha sa 42ú háit.

Tá an Choláiste rangaithe ag QS i measc an 100 ollscoil is fearr sa domhan i ngach ceann de 11 réimse: Cuntasaíocht & Airgeadas; na hEolaíochtaí Bitheacha; Ceimic; na Ríomheolaíochtaí & Córais Faisnéise; Eacnamaíocht & Eacnaiméadracht; Tíreolaíocht; Dlí; Leigheas; Cógaisíocht & Cógaseolaíocht; Síceolaíocht; agus Socheolaíocht.

Is é Coláiste na Tríonóide an ollscoil is fearr in Éirinn i ngach ceann de na hábhair sin bunaithe ar an suirbhé sin agus an t-aon institiúid atá áirítear i measc na 50 ollscoil is fearr sa domhan. Rinne Rangú Ollscoileanna Domhanda QS 2013 meastóireacht ar 2,858 ollscoil ar fud an domhain agus thug rangú do 678 ollscoil ar fad.

1.2 Cáilíocht

Agus aitheantas aige ar fud an domhain mar ollscoil ina bhfuil teagasc agus taighde ar ardchaighdeán, tá oideachas Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath sainiúil sa mhéid is go bhfuil sé treoraithe ag an taighde agus dírithe ar mhic léinn. Tá an Coláiste tiomanta do shárcháilíocht a chéimeanna agus a iarchéimeanna agus a thaighde a choinneáil agus is cuid mhór dá neart é tiomantas fhoireann Choláiste na Tríonóide do na mic léinn.

Is onóir í bronnadh Comhaltachta a léiríonn cáilíocht eisceachtúil fhoireann acadúil an Choláiste. Is gnóthachtáil taighde nó scoláireachta den scoth an phríomhcháilíocht chun Comhaltacht a bhaint amach, chomh maith le fianaise go bhfuil cion déanta ag an iarrthóir ar mhaithe le saol acadúil an Choláiste, arna léiriú go háirithe trí rannpháirtíocht in obair a Roinne nó a D(h)áimhe agus ardchaighdeán teagasc leis na blianta.

Fógraíodh seacht nÁrna déag, beirt Árna Oinigh ina measc - an tOllamh Christopher Dobson, Máistir St John's College, Cambridge agus Patrick O'Meara, Ollamh Emeritus le Rúisis agus iarMháistir Van Mildert College, Durham University - ar Luan na Tríonóide 2013.

In 2012/13, d'éascaigh an Oifig Cáilíochta athbhreithnithe cáilíochta ar an Scoil Innealtóireachta agus ar Scoil an Leighis, chomh maith le hathbhreithniú ar Acmhainní Daonna, an Leabharlann agus athbhreithniú ar an straitéis maidir le Nuálaíocht agus Fiontraíocht. Cuireann na tuarascálacha a eascraíonn as na hathbhreithnithe seo aiseolas tábhachtach ar fáil maidir leis na réimsí faoi athbhreithniú, agus don Choláiste, maidir le soláthar acadúil agus seirbhísí. Cuireadh tuarascáil ar an dul chun cinn maidir le feidhmiú moltaí arna n-eascairt as an Athbhreithniú Institiúide ar Ollscoileanna na hÉireann (IRIU) ar aghaidh chuig Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) i Márta 2013. Áiríodh ar na moltaí sin athbhreithniú a dhéanamh ar théarmaí tagartha an Choiste Cáilíochta, athrú ar chóras meastóireachta na mac léinn agus straitéis teagasc agus foghlama a bhunú.

2012/13 bliain phiólótach Shuirbhé na hÉireann maidir le Rannpháirtíocht Mac Léinn (ISSE). Tacaíonn Coláiste na Tríonóide leis an tionscnamh seo faoin Straitéis Náisiúnta don Ard-Oideachas go dtí 2030 agus fáiltíonn sé roimh an bhéim a chuirtear ar dhearcadh na mac léinn ar cháilíocht san ard-oideachas.

I measc na hoibre eile a bhí ar bun, lean Coláiste na Tríonóide de bheith rannpháirteach go gníomhach le QQI agus le príomhghéallsealbhóirí náisiúnta eile mar shampla Cumann Ollscoileanna Éireann (IUA) agus Líonra Cáilíochta Ard-Oideachas na hÉireann (IHEQN) d'fhonn beartas a fhorbairt chun acht nua a chur i bhfeidhm, an tAcht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE

2. Oideachas

2.1 Pobal Choláiste na Tríonóide

Is pobal scoláirí, le n-áirítear mic léinn, foireann acadúil, agus foireann riaracháin é Coláiste na Tríonóide. Tá éagsúlacht i gcoirlár shainiúlacht Choláiste na Tríonóide, agus meallann sé mic léinn agus foireann ó áiteanna ar fud an domhain, agus ó gach cineál cúlra agus taithí socheacnamaíochta.

San iomlán, bhí 16,646 fochéimí agus iarchéimí cláraithe in 2012/13. Díobh seo ba ó oileán na hÉireann thart ar 81.7%, as tíortha eile de chuid an AE 9%, as Meiriceá Thuaidh agus Lár 4.3% agus as áiteanna eile ar fud an domhain 5% (lena n-áirítear mic léinn ó thíortha Eorpacha nach tíortha an AE iad). In 2012/13, ba mhná iad 58% de na mic léinn agus ba fhir iad 42% díobh. Bhí 12,091 (nó 73%) de na mic léinn cláraithe ar chlárí fhochéime, agus bhí 4,472 (27%), cláraithe ar chlárí iarchéime agus 83 ar bhonnchúrsaí.

Tá gach cineál cúlra socheacnamaíochta agus aoisghrúpa ag na mic léinn. Le roinnt blianta anuas, d'ardaigh an Coláiste líon na n-áiteanna a cuireadh ar fáil do mhic léinn neamhthraidisiúnta, lena n-áirítear mic léinn atá faoi mhíchumas, agus mic léinn aibí. In 2012, ba mhic léinn neamhthraidisiúnta a líon 22% de líon na n-áiteanna ar fad ón LOI, agus ba mhic léinn aibí iad 38% díobh. Tá tiomantas i bPlean Straitéiseach (2009-14) an Choláiste an cion de ghrúpaí tearc-ionadaithe a ardú ó 15% go 22% faoi 2013, sprioc a d'éirigh leis an gColáiste a bhaint amach.

2.2 Staitisticí Iontrála



Sealbhóirí Dámhachtana Taispeántóirí Iontrála: Lisa Gannon, Ryan Galvin, Avril Compton agus Emma Jones as Scoil Mhuire, Clochar na Trócaire, Béal na mBuillí, Co. Ros Comáin

In 2012 mheall Coláiste na Tríonóide 8,142 (12%) d'iarratais chéadrogha i gcóras na Lár-Oifige Iontrála (CAO), ardú i figiúirí anuraidh de 7,770 (11.5%). As na 67,684 duine a rinne iarratas ar chúrsaí Leibhéal 8 in institiúidí ardoideachais na hÉireann tríd an chóras CAO in 2012, liostáil 18,995 Coláiste na Tríonóide do chúrsa tosaíochta amháin de chuid an CAO nó níos mó (28%), ardú ón mbliain seo caite nuair is 18,437 (27%) a bhí san fhiúir.

Coláiste na Tríonóide a fhaigheann an dara líon is airde d'iarratais chéadrogha sa tír, tríd is tríd, agus an líon is airde d'iarratais chéadrogha in aghaidh áiteanna ar fáil. In Márta 2012 bhí 8,318 iarratas chéadrogha ag Coláiste na Tríonóide, 67 níos lú ná an ollscoil a raibh an líon is airde iarratas chéadrogha aici (An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath: 8,385), ach tháinig athrú ar an bhfigiúr sin idir Márta agus Iúil.

Bronnadh 'Gradaim Taispeántóirí Iontrála' speisialta ar 786 mac léinn na céad bliana. Fuair na mic léinn sin 560 pointe nó níos mó i scrúdú na hArdteistiméireachta nó i scrúdú dara leibhéal comhionann san AE. As an líon sin daoine, ba mhic léinn Ardteistiméireachta 697 díobh, ba mhic léinn A-leibhéal 57 díobh agus bhí cáilíocht eile ón AE ag 14 mhac léinn eile díobh. Tabhairt isteach pointí bónais do Mhatamaitic san Ardteistiméireacht ba chúis leis an ardú mór.



GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE

2.3 Athchóiriú ar Iontráil

Tionóladh comhdháil idirnáisiúnta aon-lae i Mol an tSeomra Fhada an 18 Bealtaine 2012, mar iarracht ar athchóiriú náisiúnta ar chúrsaí iontrála d'fhochéimithe a stiúradh. Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Scileanna, Seán Ó Fóghlú, a d'oscail an chomhdháil, 'Undergraduate Admissions for the 21st Century'. Bhí ionadaithe ón HEA, ón NCCA agus ón CAO, ó na seacht nOllscoil in Éirinn agus ó na hInstitiúidí Teicneolaíochta i láthair ar na painéil, chomh maith le saineolaithe ón Astráil, ó na Stáit Aontaithe agus ón Ríocht Aontaithe.

Ag oscailt na comhdhála dó, rinne an Propast a 'gheallúint shoiléir' a athlua, eadhon an córas iontrála a athchóiriú agus machnamh a dhéanamh ar bhealaí nua chun mic léinn a scaoileadh isteach san ollscoil. Dúirt sé gur chreid sé nach ndéanann an córas pointí aon mhaith do roinnt de na mic léinn is fearr agus gur féidir leis an ard-oideachas agus gur chóir dó athrú ó bhun a chur ar shaol gach mac léinn. Dúirt an Propast nach mór don ghluin seo a bheith níos iomaíche ar fud an domhain ná riamh cheana - agus go bhfuil córas oideachais atá sásta cruthaitheacht, ceannaireacht agus smaointeoireacht neamhspleách a aithint agus a chúiteamh tuillte acu.

Ag eascirt ón gcomhdháil, rinne Coláiste na Tríonóide forbairt ar staidéar ar chúrsaí iontrála, thar ceann na hearnála tríú leibhéal go léir, lena fháil amach an raibh meicníocht níos fearr agus níos córa ann chun mic léinn a scaoileadh isteach chun oideachais tríú leibhéal. Is iarracht atá sa staidéar féidearthachta a fháil amach, ar scála faoi dhianrialú, cibé an bhféadfaí corpas mac léinn éagsúil a aithint agus a scaoileadh isteach, mic léinn a bheadh díograiseach agus dúthachtach faoin bhfoghlaim, a bheadh spreagtha agus oiriúnach do na cúrsaí a roghnódh siad agus a mbeadh an cumas acadúil agus an poitéinseal acu le hionsparáid a fháil ón gColáiste.

Feidhmeofar an bealach nua iontrálaithe i gcomhar leis an CAO, agus bainfear úsáid as chun mic léinn a scaoileadh isteach ar thrí chúrsa – líonfar deich n-áit sa Stair (TR003), deich n-áit sa Dlí (TR004), agus cúig áit sa Stair agus Cultúr Ársa agus Meánaoiseach (TR028) trí na bealaí iontrála nua a úsáid in 2014/15 agus in 2015/16.

Déan na nIontrálacha agus Cúnaimh Airgeadais, an Dr. William R. Fitzsimmons, a sheol an staidéar féidearthachta in Acadamh Ríoga na hÉireann an 14 Eanáir 2013. Dúirt sé le linn an tseolta gur rud a

d'fhéadfadh claochlú a chur ar Éirinn – ceann atá rithábhachtach dá todhchaí – a bhí i seoladh staidéar féidearthachta ceannródaíochta. Trí chritéir níos leithne a úsáid chun daoine a scaoileadh isteach sa choláiste, tabharfar teachtaireacht shoiléir d'óige na hÉireann go n-oscloídh geataí Choláiste na Tríonóide agus na n-ollscoileanna go léir níos leithne ná riamh cheana chun fáilte a chur roimh gach duine a thabharfaidh leis gach cineál sármhaitheasa. Tríd an staidéar seo, tá teachtaireacht chumhachtach á sheoladh ag Coláiste na Tríonóide gur féidir rud ar bith a bhaint amach trí obair chrua, iontráil chuig Coláiste na Tríonóide nó chuig ollscoil ar bith ar fud an domhain ina measc.

2.4 Scoláireachtaí



Ceiliúradh tar éis a bheith tofa mar Scoláire

Is institiúid de chuid an Choláiste í an Scoláireacht Fondúireachta a bhfuil stair fhada agus ardghradam ag baint léi, agus is gné shainiúil í de shaol na mac léinn i gColáiste na Tríonóide. Is é an cuspóir atá ag an scrúdú don Scoláireacht Fondúireachta ná mic léinn a aithint atá, ag leibhéal measúnuithe atá feiliúnach don Chéad Bhliain Sinsearach, ábalta a léiriú go seasta go bhfuil eolas agus tuiscint eisceachtúil acu ar a gcuid ábhar. Tá scoláireacht i gColáiste na Tríonóide fós ar an ngradam fochéime is mó sa tír a mbaineann gradam leis, agus is gradam é gan amhras ar bith a chuidigh le naisc a mhair i bhfad a chothú idir go leor sárchéimithe agus an Coláiste. Ar cheann de phríomhchuspóirí Choláiste na Tríonóide tá sármhaitheas a thóraíocht: tá institiúid na Scoláireachta ar cheann de na taispeántais inlámhsithe is mó díobh seo.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE

Bronnadh Scoláireachtaí ar 90 mac léinn ar Luan na Tríonóide 2013 sa bhliain acadúil 2012/13. Bhí na mic léinn a fuair na scoláireachtaí ionadaíoch ar gach dámh: Dámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta (32); Dámh na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na hEolaíochta (17); Dámh na nEolaíochtaí Sláinte (32); agus Dámha Éagsúla (9).

2.5 An Curaclam - Cúrsaí Nua

Cuireadh tús leis na cúrsaí seo a leanas ag tús na bliana acadúla 2012/13:

Cúrsa larchéime

- Máistreacht i Staidéar Oideachais (Oideachas Idirchultúir)
- M.Sc. in Oinceolaíocht Aistritheach
- M.Sc. in Imdhíoneolaíocht
- M.Phil. i gCumadóireacht Cheoil
- Teastas in Altranas (Altra/Cnámseach Ordaithe Cógas)
- Dioplóma larchéime i bhFuinneamh Inbhuanaithe
- Máistir sna Mínealaíona.

2.6 Bronnadh na gCéimeanna, Céad Onóracha agus Boinn Óir



Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUigín, ar bronnadh céim onórach air, agus an Propast, an Dr Patrick Prendergast

Bronnadh 4,427 céim in iomlán (2,776 bunchéim agus 1,651 ardchéim) i 33 searmanas bronnta céime ar leith in 2012. Fuair trí chéad agus nócha seacht mac léinn onóracha den chéad ghrád sna scrúdaithe céime in 2012/13 agus bronnadh Bonn Óir ar 78 díobh seo.

Bhí bronnadh chéimeanna oinigh ann ag na searmanais bronnta céimeanna an 7 Nollaig 2012 agus an 28 Meitheamh 2013. Ag Bronnadh Céimeanna an Gheimhridh bronnadh céimeanna oinigh ar Sam Shepard, an drámadóir as Meiriceá, ar Christine Buckley, a bhíonn i mbun feachtais ar son cearta íospartach mí-úsáide, ar Dame Lynne Brindley, Ollamh le Bainistíocht Eolais ag Ollscoil Leeds ar cuairt, agus ar Valerie Coghlan, saineolaí ar litríocht do Leanáí na hÉireann.

Ag Bronnadh Céimeanna an tSamhraidh, bronnadh céimeanna oinigh ar Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUigín, ar an Staráí Éireannach, Margaret Mac Curtain, ar an gceoltóir sa ghrúpa The Dubliners John Sheahan agus ar iar-Phríomhfheidhmeannach Chomhlachas na Fionlainne do na Bodhair, an Dr Liisa Kauppinen.

Bronnadh Teastas larchéime in Nuálaíocht agus Fiontraíocht ar an gcéad chohórt céimithe ón Acadamh Nuálaíochta idir-ollscoile ag searmanas bronnta cáilíochtaí sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta an 30 Aibreán 2013. Fuair cúig mhac léinn dochtúireachta dhéag a dteastas mar chuid dá gclár PhD struchtúrtha, a thairgeann modúil mhúinte in ábhair a bhaineann leis an nuálaíocht. Leanfaidh siad ar aghaidh ag obair i dtreo a PhD aonair, a chlúdaíonn topaicí ó ról na mban i bpróisis síochána go dtí ógánaigh i litríocht Viteoiriach go dtí airtairí nua a chruthú. Ó bunaíodh í in 2010 is spás intleachtúil, spreagúil atá sa chomhpháirtíocht Comhghuaillíocht Nuálaíochta TCD-UCD a chuireann cruthaitheacht agus smaointeoireacht nuálaíoch chun cinn i measc iarchéimithe agus an phobail níos leithne. Bhí baint ag os cionn 300 mac léinn PhD ó raon disciplíní leis an Acadamh go dtí seo.



GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE

2.7 Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide

Is réimse tionscnamh iad Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide (TAP) atá dírithe ar an ráta rannpháirtíochta ag oideachas tríú leibhéal a mhéadú i measc daoine fásta óga agus mic léinn aibí ó ghrúpaí socheacnamaíochta faoi ghannionadaíocht. Bunaíodh na cláir mar chuid de straitéis fhoriomlán chun dul i ngleic leis na rátaí ísle de mhic léinn ó ghrúpaí socheacnamaíochta áirithe a théann ar aghaidh chuig oideachas tríú leibhéal agus is léiriú iad ar mhisean sóisialta an Choláiste i mbun gnímh.

Tá rath leanúnach ar TAP de thoradh an líonra de chomhpháirtíochtaí táirgiúla le scoileanna, coláistí breisoideachais, teaghlaigh, mic léinn, foireann Choláiste na Tríonóide, gnóthais, grúpaí pobail agus institiúidí Ardoideachais eile, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Faigheann TAP maoiniú ón Údarás um Ard-Oideachais tríd an gCiste le haghaidh Tionscnaimh Straitéiseacha, ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus ó roinnt deontóirí aonair agus corparáideacha. Tacaíonn na cistí seo leis na tionscnaimh seo a leanas:

- Naisc Fhor-Rochtana leis an Scoil agus leis an Phobal
- Cúrsaí Réamhullmhúcháin Ollscoile: Daoine Fásta Óga agus Mic Léinn Aibí, Coláiste na Tríonóide
- Na Cúrsaí Rannpháirtíochta sna Saorealaíona: TCD agus Coláistí Choiste Gairmoideachais Chathair Átha Cliath (CDVEC)
- An Clár um Dul Chun Cinn Iar-Iontrála
- Taighde agus Measúnú.

Tugadh 233 iontrálaí isteach go Coláiste na Tríonóide trí Chláir Rochtana Choláiste na Tríonóide in 2012/13, méadú 27% ar an mbliain acadúil roimhe.

Agus nasc á dhéanamh le breis is 40 bunscoil agus meánscoil ar beag an traidisiún atá acu dul ar aghaidh chuig oideachas tríú leibhéal, thug TAP, i gcomhar le 30 roinn sa Choláiste, an deis do bhreis is 4,000 mac léinn, tuismitheoir agus múinteoir páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ar an gcampas le linn 2012/13, lena n-áirítear Cláir Scoláirí Matamaitice agus Eolaíochta le haghaidh daltaí an 6ú rang agus an Lá Leighis le haghaidh Daltaí na Sraithe Sóisearaí agus Scoileanna Samhraidh.

2.8 Gradaim Theagaisc an Phropaist



An Propast, an Dr Patrick Prendergast, in éineacht le faighteoirí Ghradaim Theagaisc an Phropaist 2013, an Dr Christopher Nicholas, an Dr Robert Armstrong, an Dr Zuleika Rodgers, an Dr Nicholas Johnson, an tOllamh Luke O'Neill agus Déan na Staidéar Iarchéime, an tOllamh Veronica Campbell

Is iad Gradaim Theagaisc an Phropaist príomh-mhodh an Choláiste chun aitheantas a thabhairt do chomhaltaí foirne acadúla a rinne obair ar leith ar son barr feabhais a bhaint amach i dteagasc sa Choláiste agus a chuireann an teagasc chun cinn mar ghníomhaíocht scolártha.

Ar na daoine a fuair iad in 2013 bhí: An Dr Robert Armstrong, Scoil na Staire agus na nDaonnachtaí, an Dr Zuleika Rodgers, Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr, an tOllamh Luke O'Neill, Scoil na Bithcheimice agus na hImdhíoneolaíochta, an Dr Christopher Nicholas, Scoil na nEolaíochtaí Nádúrtha, agus an Dr Nicholas Johnson, Scoil na Drámaíochta, na Scannánaíochta agus an Cheoil, ar a bronnadh an Gradam Luathghairme. Tugadh aitheantas dóibh seo go léir as a ndíograis agus a dtiomantas do theagasc agus d'fhoghlaim d'ardchaitheán.



GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE

3. Eispéireas na Mac Léinn

Leathnaíonn 'Eispéireas Choláiste na Tríonóide' thar an curaclam amach agus cuimsíonn sé cúlra saibhir de chlubanna agus de chumainn mac léinn a ullmhaíonn mic léinn do shaol ceannaireachta agus rannpháirtíochta poiblí. Cuireann seirbhís oidí na mac léinn leis an éiteas pearsanta freisin.

3.1 Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn

Tá an tiomantas d'fhorbairt intleachtúil agus phearsanta na mac léinn uile i gcroílár gníomhaíochtaí an Choláiste. D'fhonn eispéireas na mac léinn a fheabhsú, cuireann Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn réimse leathan de sheirbhísí riaracháin agus tacaíochta ar fáil, lena n-áirítear Cóiríocht agus Lónadóireacht, Lárionad Sláinte na Mac Léinn, Seirbhísí Comhairleoireachta, an tSéiplíneacht, Seirbhísí Gairmthreoracha, Naíolann an Choláiste agus an Rannóg Spóirt agus Áineasa. Cinntíonn na seirbhísí seo go bhfreastalaítear ar leas na mac léinn, agus a bhforbairt shóisialta, chultúrtha agus mhothúchánach i mbealach cothromaithe agus iomlánaíoch.

3.2 Gnóthachtálacha na Mac Léinn

I rith na bliana acadúla 2012/13, d'éirigh go maith le mic léinn agus le cumainn do mhic léinn in a lán réimsí.

Bhronn an tUachtarán Micheál D. Ó hUigín Bonn Óir Ernest Walton don sármhaitheas agus don nuálaíocht ar cheathrar mac léinn fochéime ag Searmanas Bronnta na nGradam Fochéime 2012. Ar Conor Leahy, Eleanor Friel, Sorcha Ní Lideadha agus Huw Duffy a bronnadh na boinn sin agus ina theannta sin, bhain Coláiste Tríonóide an líon ba airde iontrálaithe ardmholta amach i gclár na ngradam, le 33 mac léinn ag fáil an onóir sin.

Ainmníodh breis is 600 mac léinn as Coláiste na Tríonóide ar Rolla Onóra Dhéan na Mac Léinn, iad molta mar gheall ar ghníomhaíochtaí seachchuraclaim deonacha laistigh agus lasmuigh den Choláiste. Tá sé d'aidhm ag an Rolla Onóra aitheantas a thabhairt d'fhoghlaim lasmuigh den seomra ranga, foghlaim a dhéanann mic léinn trí ghníomhaíocht dheonach sheach-churaclaim lena n-áirítear ballraíocht sa Gharda Cúltaca, tarrtháil, fónamh ar chumainn tuismitheoirí, Clár Teagaisc Deonach, Clár Rochtana Choláiste na Tríonóide, oideachas forbartha idirnáisiúnta agus tograí

tógála chomh maith le cumainn idirnáisiúnta a réachtáil sa bhaile.

Bronnadh Gradaim Fulbright ar thriúr mac léinn agus ar thriúr iarchéimithe de chuid Coláiste na Tríonóide i mí Iúil 2013. Tugtar deis do mhic léinn, scoláirí agus gairmithe as Éirinn agus as Stáit Aontaithe Mheiceá, trí scoláireachtaí Fulbright, staidéar léachtóireacht agus taighde a dhéanamh sna hollscoileanna agus sna hinstiitúidí is fearr in Éirinn agus i SAM. An seisear as Coláiste na Tríonóide a fuair an gradam ná Síobhra Aiken, Brendan Cleary, an Dr Anne Graham Cagney, Ferenc Jári, Réamonn Mac Réamoinn agus Marguerite Nyhan.



Mic léinn innealtóireachta, Aoife Considine agus Alberto Cañizares, buaiteoirí an 2013 Irish James Dyson Award (grianghraf – Clodagh Kilcoyne)

Bronnadh duais James Dyson na hÉireann 2013 ar na mic léinn innealtóireachta Alberto Canizares agus Aoife Considine as an gclár sneachta ceannródaíoch Déan Féin É a cheap siad dar teideal Boundless. Tá feisteas atá in ann rothlú 360 céim a dhéanamh idir an clár is na greamáin agus a ligeann don úsáideoir na greamáin plé leis na greamáin gan scríúire.

Roghnaíodh ceathrar mac léinn de chuid Choláiste na Tríonóide; Rosha Canavan, Dlí agus Eolaíocht Pholaitiúil; Jack Cantillion, Dlí; Helena Kelly, Dlí; agus Owen Murphy, Síceolaíocht, as breis is 525 iarratasóir chun páirt a ghlacadh sa Chlár Washington-Éireann 2013. Is carthanacht tras-phobail atá sa chlár intéirneachta seo, a thugann deis do cheannairí óga as Éirinn agus as Tuaisceart Éireann chun cónaí agus oibriú in Washington DC agus iad ag críochnú tionscadail oiliúna ceannaireachta agus sheirbhísí poiblí.



GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE

I measc buaicphointí na gcumann mac léinn le linn na bliana bhí na gradaim a fuair DU Players ag Gradaim Drámaíochta Mhic Léinn na hÉireann: bhuaigh an cumann 11 gradam, ina measc An Léiriú is Fearr, an Stiúrthóir is Fearr agus an tAisteoir is Fearr. Bhuaigh An Cumann Gaelach an Cumann Mac Léinn Gaeilge Is Fearr ag Gradaim Ghlór na nGael don dara bliain as a chéile agus bhronn USI an gradam An Feachtas Gaeilge Is Fearr air chomh maith, don fhéile Ghaeilge Éigse na Tríonóide. Bronnadh An Cumann Is Fearr ar Trinity FM ag Gradaim Chumann na Bliana CSC. D'éirigh thar barr leis an dá chumann díospóireachta i gColáiste na Tríonóide, an Cumann Fealsúnachta (The Phil) agus Cumann Staire an Choláiste (The Hist) sa bhaile agus san Eoraip. Bhuaigh Lorcan Clarke, Uachtarán an Chumainn Fealsúnachta, an Duine Aonair Is Fearr ag Gradaim Chumann na Bliana CSC, chomh maith le gradam An Duine Is Fearr ag Gradaim Náisiúnta Bhord Chumainn Choláistí na hÉireann. Tugadh aird ar an imeacht *VDP/Amnesty Jail Break* ar fud na tíre uile agus níos faide ó bhaile. Chuir an imeacht seo mar dhúshlán ar 68 mac léinn taisteal chomh fada is a d'fhéadfaidís ón mbaile laistigh de 36 uair an chloig, gan cent dá gcuid airgid féin a chaitheamh. D'éirigh go han-mhaith leis an imeacht agus bailíodh os cionn €14,000 do VDP agus do Amnesty, chomh maith leis an duais 'Imeacht Carthanachta na Bliana' a bhuaigh ag Gradaim Ghnóthachtálacha na Mac Léinn de chuid USI. Bronnadh 'An Imeacht is Fearr' i gColáiste na Tríonóide ar *Trinity Come Dancing*, a d'eagraigh Cumann Damhsa DU thar roinnt seachtainí ina ndearna pearsana an Choláiste dianchleachtadh lena bpáirtithe gairmiúla. Comórtas beo a bhí mar bhuaicphointe an imeachta.

Léirigh na Scoláireachtaí Spóirt a bronnadh ar 20 faighteoir an tallann iontach atá ann ag leibhéal club, contae, cúige agus náisiúnta. Seo iad na faighteoirí: Natalya Coyle (Peantatlan Nua-Aimseartha); Scott Flanigan (Seoltóireacht); Aisling Miller agus Victoria Mullin (Raidhfil Aeir); Jack Reynolds agus David Minihane (Peil); Jacinta Brady (Peil na mBan); Tomas Corrigan, Daragh Daly agus Stephen Cunningham (Peil na bhFear); Paul Coughlan (Iomáint); Brian Hill (Lúthchleasaíocht); Stephen Ludgate, Connor Montgomery, Eanna Horan agus Nicola Walsh (Haca); Brian Meehan (Karate); Tom Brennan agus Iomhar Mac Giolla Phadraig (Cadhc); agus Rosalind Hussey (Rianadóireacht).

Bronnadh University Colours ar thríúr ban spóirt in 2013. Bronntar Bándearg Choláiste na Tríonóide, atá leagtha amach chun teacht le Bánghorm Cambridge agus Gorm

Dorcha Oxford, ar bhonn fiúntais aonair spóirt a mheasúnaítear go ginearálta i dtéarmaí scothfheidhmíochta an chlub, roghnúcháin ionadaíochta nó gnóthachtála seachtracha. Bronnadh Bándearg Choláiste na Tríonóide ar Natalya Coyle (Peantatlan Nua-Aimseartha), Rebecca Deasy (Bádóireacht na mBan), agus Rosalind Hussey (Rianadóireacht).

Ar bhuaicphointí suaitheanta club spóirt na mac léinn in 2012/13 áirítear iad seo a leanas: deich dTeideal Idir-Ollscoile - Bád, Póló Uisce, Sár-Fhriosbaí, Dornálaíocht, Pionsóireacht, Reathaithe, Leadóg, Rianadóireacht, Raidhfil agus Taekwondo; bhuaigh club Eitpheile na mBan Léig CUSAÍ agus bhuaigh club na bhFear craobhchomórtais meánach agus Sóisear VAI; rinne cúigear comhaltaí den Chlub Sár-Fhriosbaí ionadaíocht ar Éirinn ag na Craobhchomórtais Domhanda U23 i gCeanada; fuair an Club Peile (Rugbaí) Ollscoil Bhaile Átha Cliath ardú céime chuig Roinn 1B agus bhí séasúr thar a bheith rathúil acu; chríochnaigh siad sa 3ú háit ag deireadh an tséasúir; agus bhuaigh Club Pheil Ghaelach na mBan Corn Lynch i ndiaidh dóibh an ceann is fearr a fháil ar ITBÁC sa chluiche ceannais.

Mac léinn Gnó, Eacnamaíocht agus Staidéir Shóisialta, Natalya Coyle, an chéad duine riamh in Éirinn le bonn a bhuaigh i gCorn Domhanda an Pheantatlain Nua-Aimseartha i Feabhra 2013. Bhuaigh sí féin agus a céile imeartha Eanna Bailey bonn airgid d'Éirinn ag an gcéad imeacht, an "rás sealáíochta measctha" ag an gcéad Chorn Domhanda don séasúr don Pheantatlan Nua-Aimseartha in Palm Springs.

Bhí Aisling Miller, mac léinn PhD sa Mhicribhitheolaíocht ar Fhoireann na hÉireann sa chomórtas Raidhfil Aeir ag na 27ú Cluichí Ollscoile Domhanda in Kazan na Rúise i mí Iúil 2013. Tá ionadaíocht ar Éirinn déanta aici i gCraobhchomórtais na hEorpa (An Fhionlainn 2012) agus ag Corn Domhanda Londen (2012) agus fuair sí Scóir Cáiliúcháin do Chluichí Oilimpeacha Londen in 2012.

Bhí an mac léinn iarchéime, Mark Carpenter agus mac léinn na chéad bhliana, Julian Bradley, san iomaíocht ag Craobhchomórtas Ollscoile Mháistrí an Domhain in Nice na Fraince. Roghnaíodh iad ag an gComórtas Idir-ollscoile Leadóige ina raibh an triúr fear agus an triúr bean is fearr as ollscoileanna na hÉireann i láthair.



GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE

4. Gníomhaíochtaí Taighde

4.1 Téamaí Taighde

Aithnítear Coláiste na Tríonóide mar cheann de na hollscoileanna is fearr ar domhan maidir le líon ard taighde a dhéanamh. Tugann an taighde sin aghaidh ar cheisteanna lena mbaineann tábhacht domhanda sochaíoch agus eacnamaíochta. Tá straitéis taighde na hOllscoile bunaithe ar réimsí ildisciplíneacha a fhorbairt ina bhfuil mais chriticiúil taighdeoirí ar chaighdeán domhanda ag an gColáiste chun taighde a bheidh suntasach ar fud an domhain a sheachadadh.

I measc na dtéamaí taighde tosaíochta a bhfuil taighdeoirí Choláiste na Tríonóide ag tabhairt aghaidh orthu tá; dul in aois, naineolaíocht agus ábhair, teileachumarsáid, néareolaíocht, céannacht an duine, ailse, lánpháirteacht idirnáisiúnta, cleachtas na n-ealaíon agus an sochaí uilechuimsitheach. Is ábhair iad sin a thugann aghaidh, ní hamháin ar cheisteanna is cúis imní láithreach agus fadtéarmach don sochaí ach tugann siad deis freisin d'fhorbairt eacnamaíochta amach anseo. Ciallaíonn tiomantas na hOllscoile i leith oideachas taighde-bhunaithe go bhfaigheann ár mic léinn taithí ar cheannairí ina ndisciplín, ar an eolas agus ar na smaointe is déanaí, agus ar oideachas a leagann béim ar scileanna anailíse agus ar smaointeoireacht chruthaitheach, agus a thugann deis do mhic léinn raon leathan scileanna a fhorbairt trí dhul i mbun taighde pearsanta.

Tá an sármhaitheas sin sa taighde mar bhonn taca do straitéis Choláiste na Tríonóide maidir le Nuálaíocht agus Fiontraíocht. Is gné lárnach é an taighde chun smaointe nua réabacha a bheidh mar bhonn taca do ghnólachtaí inbhuanaithe amach anseo. Tá an t-eolas a chruthaíonn Coláiste na Tríonóide ríthábhachtach d'fhorbairt eacnamaíoch na hÉireann chomh maith le mar oideachas arna thairiscint do na mic léinn.

Faigheann téamaí taighde Choláiste na Tríonóide tacaíocht ó shraith institiúidí taighde a chuireann an t-infreastruchtúr is gá chun tacú le taighde il-disciplíneach ar fáil chomh maith le caidreamh a bheith acu le comhpháirtithe sóisialta agus fiontair a oibríonn i gcomhar leis an gceithre scoil is fichid i gColáiste na Tríonóide.

4.2 Maoiniú Taighde

Níl aon athrú tagtha ar an ioncam taighde arb ionann é agus €65 milliún in 2012/13, mar léiriú ar chobhsaíocht na timpeallachta taighde anois i ndiaidh laghdaithe le roinnt blianta anuas. Bhí luach €126 milliún ar na conarthaí nua a síníodh in 2012/13, sin ardú thart ar 88.% ar luach na bliana roimhe sin (circa. €67 milliún), le dámhachtainí nua ó Fondúireacht Eolaíochta Éireann (€82.4 milliún) agus ón AE (€21.4 milliún), léiriú ar fhás mór ón mbliain roimhe.

Tá an meán-ranníocaíocht i leith chostais indíreacha ó ghníomhaíochtaí taighde de 18% fós faoi bhun an chostais iomláin eacnamaíochta atá ar an taighde a reáchtáil agus mar thoradh air seo bíonn gá an croibhúséad a úsáid chun fóirdheonú a dhéanamh ar an ngníomhaíocht taighde. Níl an staid sin inbhuanaithe.

Bhí 1,526 cuntas gníomhach taighde ann agus thacaigh gníomhaíocht taighde le 1,310 duine sa bhliain 2012/13.

Foinse Maoinithe do Thaighde

Bliain dar críoch
30 M. F. 2013

Fondúireacht Eolaíochta Éireann	37%
Fiontar Éireann	6%
An tÚdarás um Ard-Oideachas	6%
Coimisiún na gComhphobal Eorpach	17%
Eile	34%

4.3 Tionscnaimh nua Thaighde Choláiste na Tríonóide

Tá Coláiste na Tríonóide ar thús cadhnaíochta i roinnt mórstaidéar náisiúnta fadama, lena n-áirítear taighde faoi leanaí agus aosú, agus roinnt ionad náisiúnta d'ábhar cliste, naineolaíocht agus taighde teileachumarsáide, le tacaíocht ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) ar an gcampas. Tá bonn láidir faoi mhór-institiúidí taighde Choláiste na Tríonóide i réimsí mar naineolaíocht, domhandú, eolaíocht bhithleighis agus Mol Sheomra Fada Choláiste na Tríonóide do na healaíona agus daonnachtaí, agus iad i



GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE

measc ceannairí idirnáisiúnta ina réimsí siúd. Tá páirt ghníomhach ag Coláiste na Tríonóide i gcomhfhiontair taighde shuntasacha náisiúnta mar an tIonad Náisiúnta um Thaighde Digiteach (NDRC), Míochaine Mhóilíneach Éireann (MMI) agus an Institiúid Náisiúnta um Thaighde agus Oiliúint Bhithphróiseála (NIBRT).

I dteannta tionscnamh taighde idirdhisciplíneach leanúnach Choláiste na Tríonóide sna réimsí sin, seo a leanas roinnt de na tionscadail nua a seoladh le linn 2012/13:

Fuair CRANN, an institiúid naineolaíochta is fearr in Éirinn atá lonnaithe i gColáiste na Tríonóide, €8 milliún in 2012 i maoiniú nach ón Stáchtiste é le haghaidh taighde naineolaíochta; sin ardú 60% ar an infheistíocht a fuarthas in 2011, agus tá 50 post taighde lánaimseartha cruthaithe anois aige. Chomh maith leis sin, fuair sé ról ceannaireachta i dTionscadal Taighde Graiféine do Theicneolaíochtaí sa Toghchán agus Teicneolaíochtaí atá ag Teacht Chun Cinn (FET) ar fiú €1 billiún é. Coimisiún an AE a gheall an maoiniú don tionscadal, an tionscadal taighde is mó riamh i stair an Aontais Eorpaigh le maoiniú a fháil. Is é is aidhm leis an Tionscadal Suaitheanta Graiféine ná poitéinseal tráchtála na graiféine a fhíorú. Meastar gur 'ábhar iontach' í an ghraiféin agus gurb í toghchán na déantúsaíochta í.

Tá an tIonad Taighde Bithinnealtóireachta agus Ardábhar (AMBER), tionscnamh de chuid CRANN agus Ionad Bithinnealtóireachta Choláiste na Tríonóide, i measc seacht n-ionad ar fud na tíre a bhfaighidh líon iomlán de €200 milliún i maoiniú ón SFI sna cúig bliana amach romhainn. Trí Chlár an SFI d'Ionaid Taighde a sheachadófar an maoiniú nua, chomh maith le breis is €100 milliún in airgead tirim agus i rannchuidiú i gcomhchineál ó chomhpháirtithe tionscail, rud a fhágann gurb é seo an fógra comhaoinithe stáit/tionscail is mó riamh den chineál seo sa réimse taighde in Éirinn. Cuirfidh AMBER taighde ar chaighdeán domhanda ar fáil ar ábhair agus comhéadain mhonaraithe d'fheidhmeanna i roinnt earnálacha tosaíochta mar shampla TFC, feistí leighis agus teicneolaíocht thionsclaíoch.

Sheol Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath *Future Cities* i mí Iúil, ionad taighde ildisciplíne nua a spreagfaidh agus a bhrúfaidh chun cinn bealaí nua chun smaoineamh ar chathracha cliste agus inbhuanaithe. Gné uathúil d'Ionad *Future Cities* Choláiste na Tríonóide ná go

gcuimseofar ann taighdeoirí ón ríomheolaíocht, staitistic, córais faisnéise, innealtóireacht, na heolaíochtaí nádúrtha, an eolaíocht shóisialta, ceimic, na healaíona, altranas agus cnáimhseachas, gnó agus dlí. De bharr go mbeidh na heolaíochtaí 'crua' agus 'boga' san áireamh, éascófar forbairt ar dhul chun cinn teicneolaíochta agus ar athrú sochaí, as a leanfaidh timpeallachtaí uirbeacha níos inbhuanaithe agus níos uilechuimsithí.



An tOllamh Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, John Perry, TD, Aire Stáit ar a bhfuil freagracht as Gnóthaí Beaga sa Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, agus an tOllamh Vincent Wade, Coláiste na Tríonóide, Stiúrthóir an CNGL Centre for Global Intelligent Content, tráth fógartha maoiniúcháin do CNGL

Sheol an tUachtarán Micheál D. Ó hUigín téama taighde ollmhór nua do Choláiste na Tríonóide, *'Identities in Transformation'*, ag Mol Sheomra Fada Choláiste na Tríonóide, an phríomh-institiúid taighde do na healaíona agus daonnachtaí, i mí Aibreáin. Is ceann de réimsí taighde ildisciplíne, stráitéise é seo. Is iad seo na réimsí taighde ina bhfuil tairseach chriticiúil taighdeoirí ar chaighdeán domhanda ag Coláiste na Tríonóide, agus a bhfuil de scála, acmhainní agus cumas acu aghaidh a thabhairt ar dhúshláin taighde tábhachtacha lena mbaineann tionchar eacnamaíoch, cultúir agus sóisialta suntasach.

Fuair an CNGL, *Centre for Global Intelligent Content* maoiniú ón Rialtas agus maoiniú tionscail €13.5 milliún ó SFI CSET le haghaidh taighde ceannródaíochta in ábhar cliste. Tríd an maoiniú sin gheofar infheistíocht bhreise €6.3 milliún ó 16 chomhpháirtí tionscail. Díreoidh clár taighde uailmhianach nua CNGL ar theicneolaíochtaí próiseála ábhair nua a forbairt chun seirbhísí agus ábhar digiteach a



GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE

oiriúnú agus a phearsantú chun freastal ar riachtanais agus roghanna ar leithligh úsáideoirí ar feadh margai domhanda. Coláiste na Tríonóide atá i gceannas ar CNGL agus ina chomh-óstach air, i gcomhar le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Bronnadh maoiniú AE de €8.1 milliún ar ollthionscadal teileachumarsáide a chuirfidh athrú ó bhonn ar sholáthar leathanbhanda in Éirinn agus san Eoraip. CTVR, an t-ionad taighde teileachumarsáide náisiúnta a bhfuil a cheanncheathrú lonnaithe i gColáiste na Tríonóide, atá ag comhordú an tionscadail taighde Uile-Eorpaigh, 'DISCUS', a bronnadh maoiniú air faoin Seachtú Creatchlár de chuid an Aontais Eorpaigh. Fiosrófar tríd an tionscadal bealaí nua chun snáithín optúil a úsáid d'fhonn líonra leathanbhanda simplithe a thógáil a chuirfidh idirlíon an-ardluais ar fáil do cheantair uirbeacha agus tuaithe, líonra a bheidh inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus in ann tacú leis na seirbhísí reatha agus na cinn atá le teacht san am atá romhainn.



Déan an Taighde, an tOllamh Vinny Cahill, in éineacht le daoine d'fhoireann WifiGuard, Oisín O'Sullivan agus Guoxian Yang

Bronnadh deontas €2.5 milliún ar an Ollamh John Boland, Stiúrthóir CRANN agus Ollamh le Ceimic, lena chumasú leanúint lena thaighde ceannaireachta ar an tslí is féidir le raon ábhar cliste, braiteoirí agus feidhmchláir cuimhne digití eascairt as líonraí nanaishreinge. Seo é an dara Ard Deontas riamh a bhronn an Chomhairle Eorpach um Thaighde (ERC) san hEolaíochtaí Fisiceacha in Éirinn.

Bronnadh Ard Deontas ERC suas le €2.5 milliún ar an Ollamh le Géineolaíocht Mhóilíneach Leighis, Peter Humphries, ón Aonad Géineolaíochta Súilí, Institiúid Géineolaíochta Smurfit agus an Scoil Géineolaíochta agus Micribhitheolaíochta, dá chuid taighde ar bhealaí nua a fhiosrú agus a fhorbairt chun glácóma a chosc - as a leanann daille má fhágtar é gan chóireáil.

Faoin gclár nua LaunchBox, ar aidhm leis an chéad ghlúin eile fiontraithe a chothú, lorg mic léinn Choláiste na Tríonóide infheistíocht dá bhfiontair ghnó i mí Lúnasa 2013. Cuireadh síolchiste, spás oifige agus máistir-ranganna i margaíocht agus i maoiniú ar fáil do shé fhoireann mac léinn, agus chaith siad trí mhí ag forbairt smaointe gnó. Fuair an clár píolótach, arb é Déan an Taighde, an tOllamh Vinny Cahill a cheap é, tacaíocht ó Chiste Ollscoil Bhaile Átha Cliath (SAM) agus ó Aingil Choláiste na Tríonóide, ceannairí gnó ar líonra de chairde agus alumni Choláiste na Tríonóide iad a bhfuil €100,000 infheistithe acu sna fiontraithe mac léinn. Bhí Aingil Choláiste na Tríonóide ar fáil freisin chun sainchomhairle agus meantóireacht a thabhairt do na mic léinn i rith an chláir. I measc na n-ábhar a forbraíodh faoin gclár LaunchBox bhí WifiGuard, a bhaineann úsáid as wifi baile chun ionróirí tí a bhraith, agus BiteLock, cineál nua de ghlas rothair, atá deartha chun rothar a chur ó ghluaiseacht má dhéantar iarracht é a ghoid.

4.4 Rathúlacht Scoláireachtaí agus Gradaim

Lean comhaltaí foirne Choláiste na Tríonóide orthu ag baint amach barr feabhais ina ngnóthachtálacha taighde agus bhain siad amach gradaim náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ar na gradaim a bhain taighdeoirí Choláiste na Tríonóide amach áirítear iad seo a leanas:

Chláraigh Acadamh Ríoga na hÉireann (RIA) triúr ball d'acadóirí Choláiste na Tríonóide ina gcomhaltaí nua in 2013: an tOllamh Kevin Devine, Ollamh le Géineolaíocht in Institiúid Géineolaíochta Smurfit agus Ceann na Scoile Géineolaíochta agus Micribhitheolaíochta, an tOllamh Michael Gallagher, Ollamh le Polaitíocht Chomparáideach, agus an tOllamh Peter Simons, Cathaoirleach na Fealsúnachta Morálta agus Ceann Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta agus na Fealsúnachta. Tá toghadh aon duine ar an RIA ar an onóir acadúil is airde in Éirinn agus is aitheantas poiblí é as a bhfuil bainte amach go hacadúil.



GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE



An tOllamh Michael Gallagher, an tOllamh Kevin Devine agus an tOllamh Peter Simons, comhaltai nua de RIA Choláiste na Tríonóide, in éineacht leis an Ollamh Luke Drury, Uachtarán an RIA (an 3ú duine ón taobh clé)

Bronnadh Gradam an Uachtaráin/SFI do Thaighdeoir Óg (PIYRA) ar bheirt thaighdeoirí de chuid Choláiste na Tríonóide; an tOllamh Mark Little agus an Dr Patrick Walsh, ag searmanas speisialta ag Áras an Uachtaráin. Tugtar aitheantas don Ollamh Little, a bhfuil Ollúnacht sa Neifreolaíocht i gColáiste na Tríonóide aige agus ar neifreolaí in Ospidéal Thamhlachta é, as a chuid taighde ar an ngalar soithíocháiteas ANCA, ar ghalar annamh é atá in ann a bheith marfach. Tá grúpa taighde bunaithe ag an Dr Walsh a fhiosraíonn galair uath-imdhíonachta i leanaí. Tá an grúpa taighde lonnaithe san Ionad Taighde Náisiúnta Leanaí in Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn. Cuimsíonn galair uath-imdhíonachta raon neamhord ainsealach ar cinn díblithe iad go minic, mar shampla galar Crohn, soiríais agus scléaróis iolrach (MS). Is an PIYRA an gradam is fearr ag an SFI a mheallann taighdeoirí óga atá lonnaithe ar fud an domhain a gcuid taighde a dhéanamh in institiúidí tríú leibhéal in Éirinn.

Bronnadh Bonn Ór Acadamh Ríoga na hÉireann ar an Ollamh Luke O'Neill, Stiúrthóir Institiúid Eolaíochtaí Bithleighis Choláiste na Tríonóide agus Ollamh le Bithcheimic, mar aitheantas ar an méid ollmhór a chuir sé leis na hEolaíochtaí Beatha. An Coimisinéir Eorpach do Thaighde, Nuáil agus Eolaíocht, Máire Geoghegan-Quinn, a bhronn an gradam. Aithnítear an tOllamh O'Neill mar cheannaire domhanda i réimsí na himdhíoneolaíochta agus na ngalar athlastach, mar shampla airtríteas réamatóideach.



Bronnann Coimisinéir an AE maidir le Taighde, Nuálaíocht & Eolaíocht, Máire Nic Eochagáin Uí Chuinn, Bonn Óir an RIA ar an Ollamh Luke O'Neill, agus iad in éineacht leis an Ollamh Luke Drury, Uachtarán an RIA

Fógraíodh an tOllamh Michael Coey, taighdeoir SFI-mhainithe as CRANN agus Scoil na Fisce, a bhfuil fionnachtana iontacha déanta aige ina ghairm mar eolaí, ina 'Thaighdeoir na Bliana de chuid Fhondúireacht Eolaíochta na hÉireann' i mí na Samhna 2012. An t-eolaí fisice is mó a luaitear a chuid oibre in Éirinn, tá fionnachtana tábhachtacha déanta ag an Ollamh Coey, mar shampla maighnéid tearcithreacha iarann-bhunaithe nua. Cuireann sé oideachas ar fáil do na glúinte amach romhainn freisin, trína chuid téacsleabhair ar mhaighnéadas agus ar ábhair mhaighnéadacha.

Bhuaigh Rohit Mishra, Scoil na Fisce agus CRANN, comórtas an SFI íomhá na Bliana, dá íomhá Asteroid Belt a thaispeáin Carbamíd criostalaithe daite le hasó-oráiste.

Ainmníodh iontaise den chineál bríosónach Wysejacksonella, atá 285 milliún bliain d'aois, i ndiaidh Patrick Wyse Jackson, Ollamh Cúnta na Geolaíochta agus Coimeádaí an Mhúsaeim Gheolaíochta, i bpáipéar a foilsíodh in iris phailé-ointeolaíoch cháiliúil na Gearmáine, *Neues Jahrbuch für Geologie und Paläontologie - Abhandlungen*.

Bhronn Uachtarán Phoblacht na Polainne, Bronisław Komorowski, Cros an Rí de chuid Ord Fiúntais Phoblacht na Polainne ar Jacqueline Hayden, Ollamh Cúnta na hEolaíochta Polaitiúla, i Meitheamh 2013. Bronnadh an gradam ar an Ollamh Hayden as ucht "seirbhísí as cuimse a tugadh do chur chun cinn aistriú na Polainne chuig an daonlathas, as ucht gníomhú ina finn é fírinneach ar chúrsaí ar an talamh le linn thréimhse an dlí airm agus as ucht éachtaí iriseoireachta".

GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE

5 Nuálaíocht agus Tráchtálú

Déanann Taighde & Nuálaíocht Choláiste na Tríonóide (TR&I) idirphlé idir an ollscoil, gníomhaireachtaí maoinithe agus tionscal, a bhainistiú agus a chur chun cinn trí cheithre rannóg: Forbairt taighde, Conarthaí, Aistriú Teicneolaíochta agus Fiontraíocht.

De réir an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Phlean Straitéiseach an Choláiste, féachann Taighde & Nuálaíocht Choláiste na Tríonóide le fónamh a bhaint as smaointe nua a ionchorpraíonn teicneolaíochtaí nua. Tugann TR&I tacaíocht ar feadh an chuibhreannais taighde, ó chur isteach iarratais ar mhaoiniú, go hidirbheartaíocht chonarthaí, bainistiú a dhéanamh ar mhaoin intleachtúil, aistriú teicneolaíochta, saothrú tráchtálach agus oiliúint fiontraíochta. Cothaíonn TR&I idirchaidreamh le tionscal, lena n-áirítear comhoibrithe taighde a bhunú agus ceadúnú maoin intleachtúil Choláiste na Tríonóide. Ina theannta sin, tacaíonn sé le bunú cuideachtaí campais Choláiste na Tríonóide agus ceadáíonn iad.

5.1 Maoiniú Taighde

I rith na bliana acadúla 2012/13, thacaigh an Oifig Forbartha Taighde le 1,107 iarratas ar thaighde maoinithe lena bhain luach beagnach €326 milliún.


Sa tréimhse chéanna, shínigh an Oifig Chonarthaí 625 conradh nua taighde ar luach iomlán €139.5 milliún, agus bhronn Coláiste na Tríonóide 174 conradh (luach €32.8 milliún) d'aonáin sheachtracha.

5.2 Maoin Intleachtúil

Fuair an Oifig d'Aistriú Teicneolaíochta 50 nochtadh maoine intleachtúla arna gcruthú ag taighdeoirí Choláiste na Tríonóide, rinne 17 iarratas nua paitinn a chomhdú, dheonaigh 10 gceadúnas tráchtálaithe agus cheadaigh cúig Chuideachta nua Campais de chuid Choláiste na Tríonóide.

5.3 Fiontraíocht agus Nuálaíocht

Chuir an Rannóg Fiontraíochta Clár struchtúrtha Fiontraíochta ar fáil do mhic léinn iarchéime agus do thaighdeoirí ó 12 Scoil éagsúil, agus chuir tacaíocht, comhairle agus meantóireacht ar fáil do 56 mac léinn agus céimí de chuid Choláiste na Tríonóide a raibh tionscadail nua cuideachta nuálaíochta acu.



GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE

6. Acmhainní Daonna

Tacaíonn feidhm Acmhainní Daonna Choláiste na Tríonóide leis an gColáiste a spriocanna straitéiseacha a bhaint amach trí earcú, coinneáil agus forbairt daoine den chéad scoth. Cheadaigh an Bord Straitéis Acmhainní Daonna don Choláiste dar teideal *Excelling Together*, i gcomhar leis an gClár START, tar éis Athbhreithniú Cáilíochta a dhéanamh i nDeireadh Fómhair 2012. Cuireadh tús freisin le próiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr agus ar chumas na Rannóige Acmhainní Daonna an straitéis a sheachadadh.

6.1 Foireann an Choláiste

Dhéileáil an Rannóg Earcaíochta agus Conarthaí le ceapacháin thar an raon iomlán gníomhaíochta sa Choláiste, ó Ollúnachtaí, ceapacháin acadúla agus Léachtóirí-Comhairleacha Sinsearacha go baill foirne den ghrád feidhmiúcháin, riaracháin agus teicniúil, lena áiríodh ceapacháin in aonaid tacaíochta acadúla, saoráidí agus seirbhísí do mhic léinn. Rinneadh bainistíocht ar dhá chéad is cúig déag comórtas earcaíochta chun 215 post a líonadh, laghdú 28 ón mbliain acadúil roimhe sin. Líonadh 210 post faoi dheireadh na bliana, is é sin le rá gur éirigh le 97% de na comórtais.

Ba chóir a thabhairt ar aird, mar ab amhlaidh le blianta roimhe seo, gur tharla an ghníomhaíocht earcaíochta sin i gcomhthéacs (a) gach ceadú a bheith measta i gcomhthéacs na bhforálacha ginearálta den Chreat Rialaithe Fostaíochta (ECF) i dtaobh poist atá riachtanach, agus (b) gur bhain an Coláiste amach na laghduithe a theastaigh ón ECF i gcroí-leibhéal foirne go dtí 45.7 post lán-aimseartha comhionann faoi mhí na Nollag 2012, agus planáil do laghdú breise faoi mhí na Nollag 2013, lena chur in Iúil don Choláiste i mí Meitheamh 2013.

Ag deireadh na bliana acadúla 2012/13 feidhmíodh comhaontú náisiúnta nua do chomhlachtaí poiblí, ar a tugadh Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí (PSSA) roimhe seo, a dtugtar Comhaontú Bhóthar Haddington (HRA) go coitianta air. Ghlac na comharchumainn go léir a n-aithnítear iad sa Choláiste leis na moltaí agus mar sin ghlac siad leis an gComhaontú. Chomh maith le moltaí an HRA, d'achtaigh an Rialtas an tAcht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (2013), a chuir a bonn dlí ar fáil do laghduithe i bpá agus i

bpinsin, agus d'arduithe pá a chur ar fionraí. I ndiaidh soiléiriú a fháil ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, cuireadh téarmaí an HRA i bhfeidhm maidir le gach ball foirne i ngrad arna chlúdach ag comhaontú comhchoiteann, daoine nach comhaltaí iad san áireamh.

6.2 Ceapacháin Ollúna

Tháinig ardú beag i gcomparáid le 2012/13 ar an líon comórtas cuardaigh idirnáisiúnta ar cuireadh tús leo chun 11 phost Ollúna a líonadh.

D'éirigh le Dámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta i mbun agallamh do thrí phost (Ollamh Loyola sa Diagacht Chaitliceach, Scoil Chónasctha na Reiligiún, Léann na Síochána agus na Diagachta; Ollúnacht Seamus Heaney i Scríbhneoireacht na hÉireann, Scoil an Bhéarla; agus Ollamh AIB le Taighde Luath-Óige/Stiúrthóir Ionad Taighde Leaná, Scoil na hOibre Sóisialta agus an Pholasáí Shóisialta). Tionólfar agallaimh don cheathrú post sa bhliain acadúil 2013/14.

Cuireadh tús le trí chomórtas i nDámh na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na hEolaíochta agus tugadh comórtas amháin d'Ollamh le Zó-eolaíocht, Scoil na nEolaíochtaí Nádúrtha, chun críche go rathúil.

Cuireadh tús le sé chomórtas i nDámh na nEolaíochtaí Sláinte. D'éirigh le post amháin, theip ar phost amháin ag céim an agallaimh agus theip ar cheann eile ag céim an ghearrliosta.

6.3 Poist Riaracháin Shinsearacha

Tháinig ardú suntasach ar an líon feachtas do phoist Riaracháin Shinsearacha. Thacaigh Comhpháirtithe Cuardaigh Feidhmiúcháin seachtracha le seacht gcinn de na 13 chomórtas earcaíochta maidir leis na poist seo a leanas: Stiúrthóir Cumarsáide agus Margaíochta, Stiúrthóir Taighde & Nuálaíocht Choláiste na Tríonóide, Stiúrthóir Feidhmiúcháin CRANN, Stiúrthóir Tráchtála, Leabharlannaí agus Cartlannaí Coláiste, Leas-Phríomhoifigeach Airgeadais, agus Stiúrthóir Pleanála agus Riosca Airgeadais. Tugadh sé cheapachán Riaracháin Shinsearaigh chun críche go rathúil in 2012/13 nuair a ceapadh seisear i bpoist agus tá seacht gcomórtas earcaíochta le tabhairt chun críche in 2013/14



GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE

7. Tionscnaimh Nua sa Choláiste agus Príomhimeachtaí

Bhí roinnt tionscnamh nua agus príomhimeachtaí sa Choláiste i rith na bliana acadúla 2012/13. Chuir Coláiste na Tríonóide fáilte roimh Chéad-Bhean na Stát Aontaithe, Michelle Obama agus a beirt iníonacha, Sasha agus Malia, ag cuairt ar an Sean-Leabharlann i mí Meitheamh 2013 mar chuid dá dturas in Éirinn. Faoi thionlacan an Phropaist, taispeánadh Leabhar Cheanannais agus Cláirseach Bhriain Bhóiraimhe do mhuintir Obama agus rinne mac-chuideachta oidhreacht agus cartlainne Choláiste na Tríonóide, Eneclann, cur i láthair ar ghinealas a mhuintire féin agus an nasc atá acu le hÉirinn. Rinne siad taighde ar shinsearach Éireannach an Uachtaráin Obama ó Falmouth Kearney, dara sin-seanathair an Uachtaráin Obama go dtí a sheachtú sin-seanathair, Joseph Kearney. Ba bhaill d'Eaglais na hÉireann iad muintir Kearney agus bhí John Kearney, a raibh gaol i bhfad amach aige leis an Uachtarán, ina Phropast ar Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, agus ina Easpag ar Osraí ina dhiaidh sin. Bhí an Ollúnacht in Óráidíocht i gColáiste na Tríonóide aige ó 1781 go dtí gur ceapadh ina Phropast é i 1799. Mar chuid den taispeántas ginealais, taispeánadh mapa bunaidh ón 17ú haois ar le Leabharlann Náisiúnta na hÉireann é do mhuintir Obama. Mapa de thalamh Gorthgreen, arbh as do roinnt den teaghlach, a bhí ann.



Céad-Bhean na Stát Aontaithe, Michelle Obama, in éineacht lena hiníonacha, Sasha agus Malia, agus an Dr Peter Prendergast, Propast, le linn cuairte ar an Seomra Fada

I mí Meán Fómhair 2012 sheol Coláiste na Tríonóide a Straitéis Caidreamh Domhanda ar aidhm léi tógáil ar cháil Choláiste na Tríonóide mar ollscoil cheannaireachta. Tarraingíonn an straitéis aird ar thiomantas Choláiste na Tríonóide an Ollscoil a idirnáisiúnú tuilleadh agus comhpháirtíocht agus comhobair a thógáil i measc na n-institiúidí oideachais is fearr ar fud an domhain. Ba bhliain spreagthach a bhí sa bhliain seo caite ó thaobh an Straitéis Caidreamh Domhanda a chur i bhfeidhm, aimsiú domhanda Choláiste na Tríonóide a fhorbairt agus dul chun cinn mar ollscoil na hÉireann ar stáitse an domhain lena mbaineann tábhacht domhanda.

Leanann Coláiste na Tríonóide ar aghaidh ag tógáil comhpháirtíochtaí a chuireann le próifíl idirnáisiúnta agus le cáil na hOllscoile. Ag leibhéal institiúide, dáimhe agus taighdeoir-le-taighdeoir a cruthaíodh na caidrimh sin, agus díróinn siad uile ar shineirgí taighde agus ar ábhair spéise comhroinnte a chuirfidh le teagasc agus foghlaim.

In 2012/13 stiúir an Leas-Uachtarán ar Chaidreamh Domhanda, an tOllamh Jane Ohlmeyer, sraith turas ardaíthe próifíle agus earcaíochta chun na Brasaíle, na Síne, na hIndia, na Casacstáine, na Malaeisia, na Rúise, Shingearpór, Sri Lanca, na Tuirce agus Stáit Aontaithe Mheiriceá. Bhí roinnt cuspóirí straitéiseacha ag na cuairteanna, lena áiríodh caidrimh thaighde nua a bhunú agus cinn a bhí ann cheana féin a neartú, agus le Comhaontuithe Malairte Mac Léinn agus Meabhráin Tuisceana a fhorbairt le hollscoileanna is comhpháirtí thar lear. Déantar iarracht shonrach casadh le lucht déanta beartais agus le tiomsaitheoirí airgid, cuairteanna a thabhairt ar mheánscoileanna roghnaithe agus bualadh le alumni Choláiste na Tríonóide thar lear.

Tá Coláiste na Tríonóide tiomanta leas a bhaint as a cuid saineolais chun aghaidh a thabhairt ar dhíospóireacht phoiblí agus díoscúrsa poiblí. Is ceann de na bealaí rithábhachtacha é sin ina ndéanann Coláiste na Tríonóide freastal ar an leas poiblí.

Déanann Coláiste na Tríonóide caidreamh leis an bpobal ar go leor bealaí trí thionscnaimh for-rochtana éagsúla. In 2012/13 rinne Gailearaí Eolaíochta Choláiste na Tríonóide ceiliúradh ar chúig bliana de thaispeántais réabhlóideacha a chuireann daoine ag smaoineamh trí na healaíona, oideachas agus nuáil. *'Where science and art collide'* mana an ghailearaí agus tá sé ag breith ar shamhlaíocht an phobail ó d'oscail sé. Milliún duine a thug cuairt air go dtí seo.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE



An Space Expo Dome sa Chearnóg Tosaigh a tharraing 30,000 cuairteoir

Thug thart ar 30,000 duine cuairt ar an European Space Expo fad a bhí sé lonnaithe i gColáiste na Tríonóide i mí Meitheamh 2013 áit ar tugadh deis dóibh taithí a fháil ar an iontas atá sa spás trí thaispeántais idirghníomhacha agus foghlaim faoin tslí is féidir le heolaíocht spáis a bheith chun leasa gach duine.

D'oscail an Coláiste a chuid doirse don phobal arís ag na hócáidí bliantúla i mBaile Átha Cliath, Oíche Cultúir bliantúil agus Teach Oscailte. Tionóladh na chéad taispeántais nain-ealaíne faoin spéir in Éirinn i mí Meitheamh i gColáiste na Tríonóide agus i gCorcaigh, chun ceiliúradh a dhéanamh ar *Nanoweeek 2013* agus ar chomóradh 10 mbliana CRANN. Bhí os cionn 100 íomhá san áireamh in *NanoArt 2013*, íomhánna a roghnaíodh chun léiriú a thabhairt ar áilleacht nanaithírdhreacha agus nanastruchtúir, chomh maith leis an scála ar a ndéantar taighde naineolaíochta - suas le 2,000 oiread níos lú ná gráinne salainn - agus chun naineolaíocht a thabhairt do phobal níos leithne.

Lonraíodh Façade Tosaigh Choláiste na Tríonóide mar chuid d'Fhéile Lá Fhéile Pádraig. I gcomhthionscnamh idir *St Patrick's Festival* agus *Tourism Ireland*, roghnaíodh teilgean Choláiste na Tríonóide chun oscailt *St Patrick's Festival* agus an tionscnaimh chun an Chathair a Ghlasú a sheoladh. Sa chomórtas '*Dublin Doodle*', iarradh ar iomaitheoirí breacaireacht ghlas fhíorúil a chruthú, lena theilgean ar Choláiste na Tríonóide. Fuarthas os cionn 2,000 iontráil ó ar fud an domhain.

Sheol Coláiste na Tríonóide Na Bailiúcháin Dhigiteacha, acmhainn ar líne saor in aisce dá bhailiúcháin stairiúla a chuimsíonn míle bliain. Den chéad uair, ní gá dul chuig an Seomra Fada chun rochtain a fháil ar bhailiúcháin uathúla

na leabharlainne, ní theastaíonn ach nasc Idirlín agus an luchóg a chliceáil. Tá níos mó na sé mhilliún eagrán sa Leabharlann a chuimsíonn míle bliain d'ábhar ó ar fud an domhain, ón Tibéid go hÁrainn.

Seoladh láithreán gréasáin nua de chuid Choláiste na Tríonóide i mí Bealtaine 2013 ina bhfuil bailiúchán mapai ón 17ú hAois bailithe le chéile den chéad uair le 300 bliain anuas mar acmhainn phoiblí. Tugann láithreán gréasáin *Down Survey* léiriú thar a bheith mionsonraithe den chéad uair riamh ar an aistriú drámatúil in úinéireacht talún ó Chaitlicigh go Protastúnaigh agus athraíonn sé an tuiscint a bhí againn ar Éirinn sa 17ú hAois. Tháinig cuideachta an champais, XCommunications, i gcomhar le Leabharlann Choláiste na Tríonóide, an chéad Aip don iPad maidir le lámhscríbhinn Leabhair Cheanannais. Tá cáil ar Leabhar Ceanannais mar cheann de na lámhscríbhinní is áille ar domhain ó thaobh maisiúcháin de agus tugann an aip don iPad deis d'úsáideoirí cóipeanna ardtaifeacha de na híomhánna sa leabhar a phriontáil ina ndathanna saibhre. Is é seo an chéad lámhscríbhinn atá ar fáil ina foirm iomlán mar aip don iPad.

Bronnadh an gradam cáiliúil 'An Bhratach Ghlas' ar Choláiste na Tríonóide as cáilíocht a chomhshaoil i mí Aibreán 2013 mar chuid d'fheachtas An Taisce, an clár Campas Glas. Is toradh é an gradam idirnáisiúnta seo ar bhlianta fada d'obair na foirne agus na mac léinn chun an campas a dhéanamh níos inbhuanaithe agus a bhainistiú ar shlí atá níos fearr don chomhshaoil. An tAonad Oideachais Chomhshaoil de chuid An Taisce a fheidhmíonn an clár Campas Glas thar ceann na fondúireachta idirnáisiúnta, *Foundation for Environmental Education*.

Tugadh de chúram don tascfhórsa START, a bunaíodh i mí Deireadh Fómhar 2011 chun measúnú cuimhsitheach a dhéanamh ar na seirbhísí reatha riaracháin agus tacaíochta i gColáiste na Tríonóide, sraith moltaí infheidhmithe chun an Coláiste a aistriú chuig struchtúir seirbhísí tacaíochta agus riaracháin nua a bhrú chun cinn. Tá na moltaí sin dírithe ar a chinntiú go mbeidh an seasamh is fearr is féidir ag Coláiste na Tríonóide mar ollscoil iomaíoch domhanda chun a mhisean acadúil - oideachas agus taighde a dhéanamh ar an tslí is éifeachtúla agus is cost-éifeachtaí agus is féidir - a chomhlíonadh. An príomh ní atá le baint amach sa chéad chéim de START ná trí Rannóg a chruthú: Seirbhísí Acadúla, Seirbhísí Corparáideacha agus Seirbhísí Airgeadais, a cheadaigh an Board i mí Meitheamh 2013. Tosaíodh ag aistriú chuig na struchtúir rannóige nua sin faoi START an 1 Deireadh Fómhair 2013.



GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE

8. Clár Forbartha Caipitil

8.1 Tionscadail Curtha i gCrích



Foirgneamh an Mhúsaeim

Athchóiriú ar Fhoirgneamh an Mhúsaeim

Tugadh an tionscadal glanadh cloch agus athchóiriú Fhoirgneamh an Mhúsaeim chun críche in Earrach 2013. Chuir an tionscadal seo athrú mór ar chuma an fhoirgnimh nuair a tugadh snoíodóireacht chloiche ón 19ú hAois chun solais, cinn a bhí i bhfolach ar feadh na mblianta mar go raibh siad clúdaithe le deascáin charbóin. An príomhchuspóir a bhí ag an tionscadal ná an damáiste don chloch ón salachar a theorannú agus go mbeifí in ann an tsoíodóireacht a léamh i gceart fad a gcoinneofaí cuma na seanaoise. Ar an dea-uair, bhíothas ábalta formhór an tsalachair charbóin/ghipsim a bhaint ag úsáid teicníc thar a bheith bog de spraeáil uisce gan mórán úsáid a bhaint as modhanna glanta ceimiceacha nó déine. Rinneadh neamhaird de shalachar in áiteanna ina bhféadfaí damáiste a dhéanamh do dhromchla na cloiche dá mbainfí an salachar.

Is féidir a fheiceáil anois go bhfuil éin i bhfolach sa duilliúr ar an bpríomhchúrsa sreinge, roinnt díobh lena sliocht i n-eadacha, agus tugadh chun solais painéil a léiríonn roinnt d'fhinscéalta Aesop, chomh maith le

painéal sa lár a thagraíonn do Darwin agus éabhlóid an speicis, nach raibh a fhios faoi roimhe. Glanadh an painéal de chloch Caen os cionn an dorais tosaigh agus nochtadh snoíodóireacht mhionsonraithe de shuaitheantas Choláiste na Tríonóide.

Saoráid Taighde Cliniciúil Wellcome Trust-HRB

D'oscail an Taoiseach, Enda Kenny, an tsaoráid €7 milliún arna maoiniú ag Wellcome Trust an 30 Bealtaine 2013. Tá an tsaoráid a bhfuil 1,300 méadar cearnach agus deich leaba ann, lonnaithe ar shuíomh Ospidéal San Séamas. Beidh an tsaoráid faoi chomhrialtas Choláiste na Tríonóide agus Ospidéal San Séamas agus cuirfidh sí deis ar fáil taighde othair agus deonach a dhéanamh i leigheas, altranas, cógaisíocht, fisiteiripe agus síceolaíocht sna hinstiúidí agus ag a gcomhpháirtithe comhoibrithe. Déanfar taighde cliniciúil ardchaighdeán ann, ag tabhairt le chéile taighdeoirí agus cliniceoirí faoi chomhchuspóir d'aghaidh a thabhairt ar na dúshláin is mó i gcúrsaí sláinte agus galair in Éirinn. Tá réimsí cliniciúla speisialta sa tsaoráid d'fhiseolaíocht aclaíochta, néarfhiseolaíocht agus teiripí móilíneacha agus géine.

Is cuid d'Ionad Bhaile Átha Cliath do Thaighde Cliniciúil (DCCR) é Saoráid Taighde Cliniciúil Wellcome Trust-HRB, comhthionscnamh idir Coláiste na Tríonóide, UCD, RCSI agus Molecular Medicine Ireland, arna mhaoiniú mar thoradh ar phróiseas iomaíoch ag lontaobhas Wellcome agus an Bord Taighde Sláinte. Leithroinn an t-lontaobhas €7.3 milliún i maoiniú do chostais tógála agus trealaimh na saoráide, agus leithroinn an HRB €5 milliún do phríomhchostais oibríochta don tsaoráid agus €8.2 milliún i maoiniú d'oibríochtaí líonra DCCR. Is é seo an t-aon infheistíocht in Éirinn atá déanta ag Wellcome Trust, atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe, do shaoráid den sórt sin.

Clárlann Acadúil

Aistríodh Bithcheimic agus Imdhíoneolaíocht chuig Institiúid Eolaíochtaí Bithleigheis Choláiste na Tríonóide (TBSI), rud a thug deis iar-Fhoirgneamh na Biteicneolaíochta, a athainmníodh mar Fhoirgneamh Watts, a athchóiriú. Cuireann an foirgneamh, a críochnaíodh in 2013, cóiríocht saindeartha ar fáil anois do na codanna den Fhiseolaíocht agus den Anatamaíocht nach gcoinnítear sa TBSI. Na



GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE

comhchodanna eile den tionscadal ná an Seomra Domhanda agus an Chlárlann Acadúil nua - aon suíomh amháin do raon leathan seirbhísí acadúla lena n-áirítear Iontrálacha, Iontrálacha Idirnáisiúnta/Staidéar Thar Lear, Staidéir Iarchéime, Taifid na Mac Léinn agus na gCéimithe, agus socrú amhláir agus Scrúduithe. Éascaíonn an Chlárlann nua seirbhís chaoithiúil, lánpháirtithe do na mic léinn. Tá cóiríocht ar an urlár uachtarach sa bhfoirgneamh do Scoil na hInnealtóireachta agus do Roinn na Luibheolaíochta.

Scoil Éacúiméinice na hÉireann agus Institiúid Loyola (athchóiriú ar Fhoirgneamh na Fiseolaíochta)

Aistríodh Disciplín na Fiseolaíochta chuig cóiríocht nua saintógtha, rud a thug deis iar-Fhoirgneamh na Fiseolaíochta a athchóiriú. Ar an tslí sin, éascaíodh do Scoil Éacúiméinice na hÉireann a bhogadh ó láthair eis-champais i mBaile an Mhuilinn go dtí príomh-champas Choláiste na Tríonóide, chomh maith le spás a chur ar fáil d'Institiúid Loyola, comhthionscnamh idir an Coláiste agus Pobal na nÍosánach in Éirinn.

Déanann Scoil Éacúiméinice na hÉireann teagasc agus taighde ar na cúiseanna a bhaineann le deighilt reiligiúnach, pholaitiúil agus chultúir i sochaithe an duine, agus ar réitigh ar an deighilt sin. In éineacht léi san fhoirgneamh nua tá Institiúid Loyola, a dhéanann teagasc agus taighde ar dhiagacht sa traidisiún Caitliceach. Tá an péire acu mar chuid de Scoil Chónasctha na Reiligiún, Léann na Síochána agus na Diagachta, a mheallann mic léinn as Éirinn agus ó ar fud na cruinne, as raon leathan cúlraí cultúir agus sainchreidimh, agus a chuireann timpeallacht foghlama ilchultúrtha ar fáil.

An tIonad Sonraí

Cuireadh spás in Áras an Phiarsaigh ar fáil agus athraíodh é chun Ionad Sonraí Glasa a chur ar fáil don Choláiste. Tugadh an conradh tógála chun críche go luath in 2013 ar chostas €2 milliún. Is é an tIonad Sonraí ceann de na hionaid is glaise sa chatagóir sin agus ainmníodh é do dhuais faoi Cheannaireacht san Earnáil Phoiblí ag na gradaim bhliantúla d'ionaid sonraí i Londain i mí na Nollag 2012. Bogadh go leor córas chuig an tIonad Sonraí nua, ina measc an t-infreastruchtúr agus na córais a thacaíonn leis an

gCóras Fainéise nua do Mhic Léinn (Genesis) agus leis an gCóras Fainéise Airgeadais nua. Beidh an grúpa nua-bhunaithe TF Glas ag fiosrú bealaí chun costais a laghdú trí sheirbhísí agus córais TF a chomhdhlúthú san Ionad Sonraí nua agus beidh sé ag féachaint ar réitigh TF inbhuanaithe don todhcháí.

8.2 Tionscadail Tógála

An Mol Gnó agus Nuálaíochta

Ta foireann dearaidh ceaptha agus tá tús curtha leis an obair ar thionscadal chun Scoil Ghnó mhéadaithe nua a chur ar fáil, chomh maith le Mol Taighde agus Nuálaíochta agus cóiríocht do Sheirbhísí Corparáideacha ar láthair Halla Luce (an t-Iar-Ionad Spóirt). Cuirfear tús le hobair chumasaithe chun daoine agus feistis a aistriú as na foirgnimh ar an láthair sa dara leath de 2014. Cuirfear tús leis an bpríomhobair thógála in 2015 agus tá an tionscadal le tabhairt chun críche go luath in 2017.

E3 - Institiúid Comhshaoil, Fuinnimh agus Innealtóireachta Choláiste na Tríonóide

Cuireadh spás ar fáil ar an taobh thiar den champas ó tugadh Institiúid Eolaíochtaí Bithleigheis Choláiste na Tríonóide chun críche chun tuilleadh forbairtí mórsála ansin a éascú. Tá an láthair seo ainmnithe sa Phlean Forbartha chun cóiríocht nua a chur ar fáil d'Innealtóireacht agus do na hEolaíochtaí Nádúrtha. Ceapadh na hailtirí agus na bainisteoirí comhairleacha don tionscadal i ndiaidh próiseas soláthair de réir nósanna imeachta AE. Cuireadh an tionscadal ar sos ag deireadh 2011 agus tugadh faoi athbhreithniú acadúil ar na gníomhaíochtaí beartaithe. Cheadaigh Comhairle agus Bord na hOllscoile an t-athbhreithniú seo agus táthar le tús a chur arís le pleanáil an tionscadail.

Institiúid Sláinte an Daonra

Cheadaigh an Bord ceannach trí urlár d'fhoirgeamh críochnaithe i dTamhlacht, in aice an ospidéil, chun thart ar 2,500 méadar cearnach de chóiríocht a chur ar fáil d'Institiúid Sláinte an Daonra. Beidh oibreacha feistithe de dhíth, ag costas de thuairim is €2.3-2.5 milliún. Faoi réir ag cead pleanála agus in am trátha, ag cead tairisceana agus dearadh mionsonraithe, tá na hoibreacha le bheith críochnaithe go luath in 2015.



GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE

Cóiríocht Chónaithe

Cuireadh tús leis an gcéim dheiridh chun cóiríocht chónaithe a uasghrádú i mí Meitheamh 2013 nuair a rinneadh athchóiriú ar chóiríocht chónaithe i dTithe 38 agus 40, An Chearnóg Nua, ag costas €3.7 milliún.

1,000 áit chónaithe

Leibhéal íseal cóiríochta cónaithe a chuirtear ar fáil i gColáiste na Tríonóide de réir chaighdeáin idirnáisiúnta. Aithnítear sa Phlean Straitéiseach an gá leis an acmhainn chónaithe a mhéadú. Tá tús curtha ag an gColáiste le próiseas chun forbróir a aithint a dhearfadh, a thógfaidh agus a mhaoineoidh an chéad chéim de 1,000 áit ar láithreán nó láithreáin laistigh d'achar coimiteireachta gearr ón gColáiste. Mar thoradh ar an gcúlú eacnamaíochta d'éirigh go leor de na hiarrthóirí a bhí ar an ngearrliosta don liosta tairisceana as an bpróiseas mar thoradh ar leachtú etc. agus chinn Coláiste na Tríonóide gan leanúint ar aghaidh leis an bpróiseas sin. Táthar ag fiosrú raon roghanna eile a bhfuil mar aidhm leo méadú suntasach ar chóiríocht chónaithe a chur ar fáil chomh luath agus is féidir.

8.3 Caomhnú Fuinnimh

D'ídigh Coláiste na Tríonóide 38.2 milliún kWh leictreachais (laghdú 1% ar 2011/12) agus 50 milliún kWh de ghás nádúrtha agus d'ola i rith 2012/13 (méadú 8% ar 2011/12). Tháinig méadú ar ídiú gáis agus ola de bharr roinnt fachtóirí, an aimsir an ceann ba shuntasai. Bhí 2012/13 cuid mhaith níos fuaire ná an bhliain roimhe sin. I bhfianaise ceartúcháin don aimsir níos fuaire, tháinig laghdú 2.4 milliún kWh (5%) ar an ídiú gáis agus ola i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Tá athruithe ar ídiú in áiteanna éagsúla san áireamh sna figiúirí bliantúla. Tá foirgnimh a tugadh chun críche le cúpla bliain anuas, ar nós an TBSI, ag léiriú treocht in airde maidir le hídiú leictreachais. Baineann sin leis an áitíocht iomlán leanúnach agus le trealamh nua a shuiteáil. Is dócha go leanfaidh an treocht sin ar aghaidh ar feadh roinnt blianta, ach ag ráta níos ísle. Is ionad fuinnimh thar a bheith suntasach é an TBSI, mar an bhfoirgneamh aonair eolaíochta agus taighde i gColáiste na Tríonóide. Díriodh aird ar an ídiú fuinnimh a íoslaghdú, go háirithe i gcás an gháis a théann an foirgneamh. Baineadh sin amach trí oibriú an trealaimh aeraithe a fheabhsú agus trí oibriú an chomhfhearais teasa agus cumhachta a fhairsingiú fad a feabhsaíodh a aisghabháil teasa. Cuireadh laghdú thart ar 14% ar an ídiú gáis in TBSI le linn na bliana, d'ainneoin na haimsire

fuair. Leanfar leis an obair seo in TBSI agus i bhfoirgnimh taighde ina ndéantar diantaghde sna blianta amach romhainn.

Lean Coláiste na Tríonóide ar aghaidh ag obair leis an tionscadal fuinnimh idir-ollscoile, e3, a chuimsíonn Coláiste na Tríonóide, UCD, DIT agus DCU. Déanann an tionscadal monatóireacht ar ídiú fuinnimh do na foirgnimh níos mó san ollscoil agus díronn sé ar laghduithe fuinnimh tríd an leas is fearr is féidir a bhaint as oibríochtaí agus rialuithe. Tá an sprioc reatha ó thaobh caomhnú fuinnimh nasctha go díreach leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta reatha um Éifeachtúlacht Fuinnimh 2 (NEEAP 2). Tá an clár náisiúnta don earnáil phoiblí le laghdú 33% ar ídiú fuinnimh príomhúil a bhaint amach faoi dheireadh na bliana 2020, arna thomhas in aghaidh bonnbhliana. Fuinneamh príomhúil in aghaidh an achair chomhionann fuinnimh in aghaidh na bliana atá san Innéacs Feidhmíochta Fuinnimh (EnPI) a úsáideann an Coláiste. Dearbhaíonn an tuarascáil is déanaí gur tháinig laghdú (feabhsú) 13% ar an déine fuinnimh, mar a thomhaiseann an EnPI é, ón mbliain tagarmhairc. An cuspóir atá ann ná leanúint le feabhas tuairim is 3% a chur ar an EnPI gach bliain chun an sprioc de 33% a bhaint amach faoin mbliain 2020.

Tugadh roinnt tionscadal chun críche le linn na bliana chun soilsiú a uasghrádú le háitíocht agus feistis níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh agus le rialú maolaithe uathoibríthe. Ionchorpraíodh roinnt beart chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú nuair a bhí athchóiriú ollmhór á dhéanamh, ina measc soilse éifeachtúlacha ó thaobh fuinnimh, rialtáin soilse uathoibríochta agus aerú aisghabhála teasa, mar shampla i Scoil Éacúiméinice na hÉireann agus Institiúid Loyola agus i bhFoirgneamh Watts. Is deiseanna iontacha iad na hathchóirithe sin agus oibreacha eile ar scála níos lú chun feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh fhoriomlán foirgnimh Choláiste na Tríonóide.

€7.3 milliún (€7 milliún do 2011/12) a bhí sa ghlanachaitheas don bhliain 2012/13 maidir le costas fóntas. Fuarthas an soláthar leictreachais agus gáis go léir via na creataí náisiúnta arna socrú suas ag an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP). Baineann an tionscadal seo úsáid as an gcomhchumhacht sholáthair níos mó a bhíonn ag comhlachtaí comhionann san earnáil ollscoile chun an praghas is iomaíoch sa mhargadh a fháil d'aonad fuinnimh.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE

9. Tiomsú Airgid



An Propast, An Dr. Patrick Prendergast, le duine de bhronntóirí flaitiúla Choláiste na Tríonóide, An Dr. Beate Schuler.

Is gá maoiniú suntasach má tá an Coláiste chun a sheasamh a dhearbhu mar cheann de na hollscoileanna is fearr ar domhan. Anois níos mó ná riamh, tá sé soiléir, má theastaíonn ón gColáiste ionadaíocht dhomhanda a dhéanamh thar ceann na hÉireann, nach féidir linn brath ar mhaoiniú Stáit amháin – tá aimsiú tacaíochta príobháidí níos riachtanaí ná riamh do thodhchaí Choláiste na Tríonóide.

Chuir seo, tiomsaíonn Fondúireacht Choláiste na Tríonóide airgead ó alumni agus ó chairde an Choláiste. Sa tréimhse 1 Deireadh Fómhair 2012 go 30 Meán Fómhair 2013, fuarthas €18.2 milliún i ndeontais phríobháideacha (€22.5 milliún in 2011/12) ó 3,000 deontóir. Féadtar tairbhí na tacaíochta príobháidí seo a fheiceáil ar fud an Choláiste. Tá buíochas le tabhairt do na deontóirí go leor a thug cúnamh tríd an Achainí Bhliantúil, trí oidhreacht a fhágáil chun tacaíocht dhíreach a chur ar fáil do cheann de chuspóirí straitéiseacha Choláiste na Tríonóide lena n-áirítear:

- Aosú
- Ailse
- Teicneolaíochtaí Cultúrtha agus Cruthaitheacha
- NainEolaíocht agus ard-ábhair
- E3, Institiúid Comhshaoil, Fuinnimh agus Innealtóireachta Choláiste na Tríonóide, tionscnamh ollmhór nua idir Innealtóireacht agus na hEolaíochtaí Nádúrtha
- Athchóiriú ar an Leabharlann agus saoráidí taighde Daonnachtaí a fhorbairt
- Campas Nuálaíochta a thógáil – ina gcorprófar Scoil Nua Ghnó
- Dánlann Eolaíochta
- Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide agus sparánachtaí do na mic léinn

Tá an obair iontach a rinne roinnt mhaith grúpaí d’oibríthe deonacha chun tacú le Coláiste na Tríonóide i gcroílár rath tiomsaithe airgid an Choláiste, lena n-áirítear Cumann agus Iontaobhas Choláiste na Tríonóide, Bord Comhairleach na Scoile Gnó, Bord Comhairleach na Scoile Innealtóireachta, Bord Comhairleach Seachtrach Mhol Sheomra Fada Choláiste na Tríonóide, Alumni Gnó Choláiste na Tríonóide, Bord Rialaithe na Dánlainne Eolaíochta, Bord Comhairleach na gClasaicí, Coiste Bainistíochta na hInstitiúide Náisiúnta um Míchumas Intleachta, Bord Comhairleach Thionscnamh na hÁise Theas, Ciste SAM agus Iontaobhas RA. Tugann na hoibríthe deonacha seo a gcuid ama, a n-ionchur straitéiseach agus tacaíocht shuntasach airgeadais a bhfuil an Coláiste thar a bheith buíoch as. Ní mór Bord Fhondúireacht Choláiste na Tríonóide a lua go speisialta, a bhfuil ról lárnach aige i gcomhordú straitéise daonchairdiúla an Choláiste.

Ní fhéadfadh Coláiste na Tríonóide a stádas mar ollscoil ar chaighdeán domhanda a bhaint amach gan traidisiún daonchairdis a théann siar go bunú an Choláiste i 1592. Nocht an Coláiste a Rolla Onóra 'Bronntóirí trí na hAoiseanna' i Meitheamh 2013 in ómós do na daoine a bhronn méideanna suntasacha ar Choláiste na Tríonóide. Tá a n-ainmneacha cabhartha go buan ar an bhfríos faoin síleáil ar an mbealach isteach mór chuig Halla an Bhia, in éineacht le focail Virgil, file ón gcéad aois BC: “SEMPER HONOS NOMENQVE TVVM LAVDESQVE MANEBVNT” – “Mairfidh d’ainm, d’onór agus moladh duit go deo”.



GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE

10. Staid Airgeadais

Cheadaigh an Bord na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2013, arna n-ullmhú ag an mBord an 22 Eanáir 2014. Ullmhaíodh na Ráitis sin de réir an bhirt chomhchuibhithe arna ghlacadh ag na hOllscoileanna Éireannacha go léir, ar cheadaigh an tÚdarás um Ard-Oideachas an fhormaid i mí Deireadh Fómhair 2013. Ní bhfuair iniúcháirí seachtracha an Choláiste KPMG go raibh aon laige ábhartha sa rialú ann agus d'éisigh siad tuairim neamhcháilithe iniúcháireachta i leith na Ráiteas Maoinithe.

Thuairisc an Coláiste glanbharrachas €0.1m (2011/12: €0.1m) ar ghníomhaíocht chroímhaoinithe don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2013. Ba é an t-aon bhealach ar baineadh é seo amach, áfach, ná gur pleanáladh acmhainní €3.7m a aistriú a bhí coinnithe roimhe sin do bhearta straitéiseacha.

B'ionann ioncam iomlán don bhliain (gan taighde san áireamh) agus €202.9m (2011 /12: €207.2m) agus bhí sin comhdhéanta de Dheontas Stáit €55.2m (2011 /12: €64.7m); Táillí Mac Léinn €116.2m (2011 /12: €114.1m); agus Ioncam Eile €31.5m (2011 /12: €28.4m). B'ionann Caiteachas lomlán don bhliain (gan taighde san áireamh) agus €202.8m (2011 /12: €207.2m) agus bhí sin comhdhéanta de Dhámha Acadúla €118.1m (2011 /12: €120.7m); Seirbhísí Acadúla agus Eile €18.3m (2011 /12: €18.9m); agus Áitribh €27m (2011 /12: €27.4m).

Tháinig méadú thart ar 88% ar ghníomhaíocht taighde le linn 2012/13. Ba €126m an luach a bhí ar na conarthaí nua a síníodh i rith na bliana, le conarthaí nua ó SFI (€82.4m) agus ón AE (€21.4m) go háirithe ag tuairisciú fás láidir i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Tá an t-ionchas do mhaoiniú taighde neamhchinnte i gcónaí. Cé go bhfuil sé deacair an tionchar a bheidh ag iarrachtaí leanúnacha an Stáit chiste an t-easnamh náisiúnta a íoslaghdú ar bhuiséid na nGníomhaireachtaí Maoinithe Stáit, tá an buiséad thart ar €80bn comhaontaithe anois do Horizon 2020. Bunaithe air sin agus ar an eolas is déanaí atá ar fáil ó na

Gníomhaireachtaí Maoinithe Náisiúnta, is iad na teilgin reatha ná go bhféadfaidh ardú go dtí thart ar €72m teacht ar chaiteachas taighde sna 3-4 bliana amach romhainn. Braitheann an léargas dearfach seo ar chumas Choláiste na Tríonóide na spriocanna dúshlánacha arna leagan amach ag na Straitéisí Éagsúlaithe Taighde a chomhlíonadh (lena n-áirítear béim ar mhaoiniú ón AE, ó thionscal agus ó SAM), chomh maith le rathúlacht leanúnach i gClár an SFI d'Ionaid Taighde.

Laghdaigh glansócmhainní iomlána an Choláiste i rith na bliana de réir €18.6m go dtí €678m ar an 30 Meán Fómhair 2013, mar gheall go príomha ar laghdú ar iarmhéid airgid.

Cé go bhfuil an Coláiste thar a bheith dúthrachtach agus réamhghíomhach fós sa tslí a bhainistíonn sé cúrsaí airgid, is iomaí dúshlán airgeadais roimhe, dúshlán faoi thionchar an Stáit go leor díobh. Ina measc sin tá leibhéil mhaoinithe atá ag titim; easpa de shamhail mhaoinithe dinimiciúil; teorainneacha maidir le caiteachas pá agus neamhphá; gan creat cúltaca ann; costas comhlíonta reachtúil; cumas teoranta soláthar a dhéanamh d'athnuachan caipitil agus ardán teoranta do phleanáil airgeadais straitéiseach.

Is léir nach bhfuil an cás ina ndéanann an Coláiste caiteachas ag leibhéal a fhágann go mbíonn bun-easnamh ann inbhuanaithe sa mheántearma nó san fhadtearma, go háirithe nuair a chuirtear san áireamh an fás a mheastar a thiocfaidh ar an éileamh ar ard-oideachas. I bhfianaise an bhrú leanúnach ar chaiteachas croíghníomhaíochta, tá cumas teoranta ag Coláiste na Tríonóide faoi láthair a chaiteachas a laghdú tuilleadh gan rioscaí breise a thabhairt ar bord, de bharr gur costais seasta sa gheartearma iad formhór na gcostas. Chomh maith leis sin, is trí chomhaontuithe náisiúnta seachtracha den chuid is mó a chinntear costais phá, de ghnáth.



GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE

Ní mór, mar sin, go leanfadh straitéis airgeadais an Choláiste ar aghaidh ag déanamh na nithe seo: oibriú laistigh d'acmhainní buiséadaithe ar bhonn atarlaithe; cruthú ioncaim ón Státchiste agus lasmuigh de a chur chun cinn; tosaíocht a thabhairt do thionscnaimh bhainistithe costais, soláthair agus éifeachtúlachta; infheistiú sa todhchaí nuair is cuí sin, agus rioscaí airgeadais a mheas ar bhealach comhtháite.

Tá bainistiú éifeachtach déanta ag Coláiste na Tríonóide ar a chuid airgeadais go dtí seo agus tá os cionn €200m i dtionscadail infreastruchtúir TF agus caipitil infheistithe go rathúil aige ó 2009. Níl easnamh athfhillteach carnaithe aige (ar bhonn Ráitis Mhaoinithe). Maidir leis an todhchaí, is léir nach mór dár straitéisí bainistithe costais agus cruthaithe ioncaim sprioc a bhaint amach, ach tá siad ag céim luath feidhmithe fós.

Rud lárnach ná bainistiú leanúnach, iomchuí ár n-acmhainní trí thimpeallacht dian rialaithe agus leithdháilte acmhainní agus buiséid a choimeád, mar beidh siad ríthábhachtach dár rathúlacht fadtéarmach agus dár sláinte airgeadais. Fad a thugtar Plean Straitéiseach do 2014-19 chun críche, ní mór dúinn a chinntiú freisin go leagfaimid amach cuspóirí agus gníomhartha a bheidh ag teacht leis na hacmhainní atá ar fáil dúinn. Ní mór don Choláiste leanúint ar aghaidh ag cruthú foinsí maoinithe inbhuanaithe agus iarracht a dhéanamh creat luach saothair oiriúnach don fheidhm agus solúbthacht oibriúcháin a bheidh ag teacht leis na cinn in ollscoileanna idirnáisiúnta a bhunú, cinn a chuirfidh ar a chumas dul san iomaíocht ar bhonn idirnáisiúnta sa mheántearma agus san fhadtearma.



Aguisín I

Freastal ar chruinnithe Boird 2012-2013

B'ionann an líon cruinnithe a tionóladh i rith na bliana agus 12 (lena n-áirítear comhchruinniú den Bhord agus de Chomhairle na hOllscoile an 5 Meán Fómhair 2012).

Comhaltaí Ex-Officio

An Propast (An Dr Patrick Prendergast) (14), an Leas-Phropast/Príomhoifigeach Acadúil (An tOllamh Linda Hogan) (14), Léachtóir Sinsearach/Déan an Léinn Fochéimithe (An tOllamh Patrick Geoghegan) (13), Cláraitheoir (An tOllamh Shane Allwright) (14), Sparánaí (An tOllamh David Lloyd¹) (2), Sparánaí (An tOllamh Gerard Lacey²) (11).

1 d'imigh ar scor an 31 Deireadh Fómhair 2012

2 tháinig i gcomharbacht an Ollaimh David Lloyd mar Sparánaí, i dteideal freastal ar 11 chruinniú

3 d'imigh ar scor an 25 Feabhra 2013

4 tháinig in áit Jackie Byrne Uasal, i dteideal freastal ar 6 chruinniú

Comhaltaí tofa:

An tOllamh Sean Barrett (13), An tOllamh Mélanie Bouroche (11), Jackie Byrne Uasal (1³), An tUas. Frederick Cowzer (13), An tOllamh William Dowling (13), An tOllamh Eileen Drew (13), An Dr Dermot Frost (13), An tUas. Gerrard Garrahan (5⁴), An tOllamh Hugh Gibbons (14), An tOllamh Robert Gilligan (9), An tOllamh Nicola Marples (11), An tOllamh John McGilp (14), Ms Noreen Murray (12), An tOllamh Cliona O'Farrelly (11), An tOllamh Desmond O'Neill (5), An tOllamh Micheál Ó Siochrú (14), An tOllamh Henry Rice (13).

Comhaltaí seachtracha:

An Dr Olive Braiden (12), An tUas. Jackie Gallagher (12).

Comhaltaí mac léinn:

An tUas. Rory Dunne (11), An tUas. Daniel Ferrick (13), An tUas. Martin McAndrew (14), Aisling Ní Chonaire Uasal (13).

Aguisín II

Costais an Bhoird 2012-13

In 2012-2013 íocadh na suimeanna seo a leanas le comhaltaí an Bhoird (thosaigh an bhliain airgeadais ar 1 Deireadh Fómhair):

An tOllamh Des O'Neill: €82.60



Aguisín III

An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Don Bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2013

	2013	Athshonraithe 2012
	€'000	€'000
Ioncam		
Deontais Stáit	55,176	64,696
Táillí Mac Léinn	116,198	114,052
Ioncam Eile	31,544	28,427
	202,918	207,175
Deontais agus Tionscadail Thaighde	65,002	65,170
Ionlán	267,920	272,345
Caiteachas		
Dámha Acadúla	118,060	120,725
Seirbhísí Acadúla agus Eile	18,334	18,949
Áitreabh	27,020	27,369
Méid Leithroinnte chun Críocha Caipitil	500	500
Riarachán agus Seirbhísí Lárnacha	13,525	14,565
Caiteachas Oideachais Ginearálta	10,213	9,844
Seirbhísí do Mhic Léinn	5,381	5,167
Caiteachas Ilghnéitheach	9,780	9,923
Seirbhísí Acadúla agus Eile	202,813	207,042
Deontais agus Tionscadail Thaighde	65,002	65,170
Ionlán	267,815	272,212
Barrachas ar Ghníomhaíochtaí roimh Amúchadh Chúlchistí Caipitil agus Deontais, Seirbhísí Coimhdeacha agus Dímhéas Sócmhainní Seasta	105	133
(Easnamh) Barrachas ar Sheirbhísí Coimhdeacha	(6,982)	2,653
Dímhéas Sócmhainní Seasta	(30,478)	(27,662)
Aistriú ón gCúlchiste Ginearálta	37,460	25,009
Glanbharrachas don bhliain	105	133



Appendix IV

An Clár Comhardaithe Amhail an 30 Meán Fómhair 2013

	2013 €'000	2012 €'000
Sócmhainní Seasta		
Sócmhainní inláimhsithe	765,342	774,105
Maoine infheistíochta	42,517	43,930
	807,859	818,035
Sócmhainní Reatha		
Iarmhéideanna bainc agus airgid	164,133	183,618
Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí	54,137	40,914
Stoic	436	457
	218,706	224,989
Dliteanais Reatha		
Creidiúnaithe agus caiteachas fabhraithe	(214,316)	(212,308)
Iarmhéideanna bainc	(214)	(307)
	(214,530)	(212,615)
Glan-Sócmhainní Reatha	4,176	12,374
Dliteanais Fadtéarmacha		
Creidiúnaithe dlite tar éis bliain amháin	(134,132)	(133,869)
	<u>677,903</u>	<u>696,540</u>
Arna léiriú ag:		
Cúlchiste ginearálta	677,413	696,155
Cúlchiste ioncaim	490	385
	<u>677,903</u>	<u>696,540</u>



COLÁISTE NA TRÍONÓIDE
BAILE ÁTHA CLIATH
TRINITY COLLEGE DUBLIN

OLLSCOIL
ÁTHA
CLIATH

www.tcd.ie



Clár Chistí Struchtúracha AE
na hÉireann 2007-13

Cómhainithe ag Rialtas na hÉireann
agus ag an Aontas Eorpach



CISTÍ STRUCHTÚRACHA AE